# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013

Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann



# Clár na nÁbhar

**Réamhrá an Chathaoirligh** **3**

**Tuarascáil an Chathaoirligh** **5**

**Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh** **13**

**Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíoch** **17**

**Oibríochtaí** **19**

Staidreamh Deontóirí 22
Seirbhísí Ospidéil 24
Comhchodanna 25

**Tástáil** **27**

Víreolaíocht 28
SNTIH 29
Diagnóisic/Trasmheaitseáil Bhaile Átha Cliath 32
Diagnóisic/Trasmheaitseáil Chorcaí 34
Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí 35
Saotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TÁN) 37

**Seirbhísí Eile** **38**


Banc Fíochán 39
An tSeirbhís Aifiréise Teiripí 40
An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH) 44
Clár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ) 46

**Cáilíocht agus Cloí** **48**

**Acmhainní Daonna** **50**

**Airgeadas** **54**

**Sonraí teagmhála** **56**



**“Tá sainordú thar a bheith simplí ag SFÉ – soláthar táirgí fola atá sábháilte, slán agus iontaofa a chur ar fáil do sheirbhís sláinte na hÉireann.”**

# Réamhrá an Chathaoirligh

Tá sainordú thar a bheith simplí ag SFÉ – soláthar táirgí fola atá sábháilte, slán agus iontaofa a chur ar fáil do sheirbhís sláinte na hÉireann. Is gá dár bhfoireann obair dhian a dhéanamh, chomh maith le bheith dírithe agus díograiseach chun an sainordú seo a chur i gcrích, agus beidh gá acu le scileanna teicniúla ardleibhéil chomh maith. Tá gné uathúil bhreise amháin eile againn, is é sin, ár spleáchas ar fhlaithiúlacht agus tiomantas ár ndeontóirí ó sheachtain go seachtain ar fud na tíre go léir. Tá ceangal foirmiúil déanta againn le déanaí le CLG, agus tabharfaimid cuairt sa bhliain amach romhainn ar gach bord contae agus ar an oiread clubanna agus is féidir chun an ceangal seo a fhíorú. Spreagfaimid daoine atá gníomhach i CLG fuil a dheonú, nó tacú le daoine eile deonú.

Bhí cineál nua ócáide ar siúl againn i mbliana. D'eagraigh cainteoir ag ár ndinnéar bronnta gradam i gCorcaigh, an Garda Stephen Roe as Corcaigh, d'eagraigh sé turas rothaíochta ceithre lá ó Cheann Mhálanna go Carn Uí Néid in Aibreán i gcuimhne ar a mhac Alex, tar éis dó siúd bás a fháil de leoicéime in 2010. Agus é in éineacht le dáréag dá chomhghleacaithe ón nGarda Síochána, thug sé turas rothaíochta a mhair níos mó ná 660km, agus d'iarr siad gealltanais deonacháin fola seachas airgead in aghaidh gach aon chiliméadar a bhí déanta acu. Bhí an-rath air seo, agus gabhaimid buíochas le Stephen, leis na rothaithe eile a bhí in éineacht leis, lena bhean chéile Michelle, lena mhuintir agus leis an nGarda Síochána as an tacaíocht a thug siad don ócáid seo.

Tá athrú ag dul i bhfeidhm orainn go leanúnach sa chuid is mó réimsí dár gcuid oibre. Anuraidh d'athraíomar go tástáil in aon suíomh amháin mar chuid de chlár níos mó d'athchóiriú struchtúrtha agus sábháil costas. Is é an chéad chéim eile den chlár seo ná an t-athrú go próiseáil fola agus táirgí fola in aon suíomh amháin ag an Ionad Náisiúnta Fola i mBaile Átha Cliath. Tógfaidh sé tuairim is 18 mí orainn an méid seo a chur i gcrích, agus beidh sé nasctha le cuid mhaith athruithe eile, amhail sealbhán stoic agus oibríocht seachadta i bhfad níos mó i gCorcaigh.

Tá cuid mhaith blianta seirbhíse ar ardchaighdeán déanta ag an ríomhchóras atá againn faoi láthair, ach tá sé ag teannadh le deireadh a shaoil anois. Tá córas nua á thabhairt isteach againn, rud a dhéanfaidh sruthlíniú breise ar ár n-oibríochtaí. Beimid in ann coinní ama ar leith a thairiscint do dheontóirí inár n-ionaid den chéad uair chomh maith. Táthar ag súil leis go mbeidh an córas nua á oibriú ó Dheireadh Fómhair 2014.

Tá seirbhís nua oscailte againn d'othair a bhfuil haemacrómatóis orthu. Is neamhord géiniteach thar a bheith coitianta í seo, agus tá an ráta is airde de ar domhan in Éirinn. Is gá fuil na n-othar a thógáil go rialta. Anois is féidir lenár n-othair a bhfuil dea-bhail orthu freastal ar ár gclinicí den chéad uair chun go dtógfar a gcuid fola. Más mian leis an othar deonachán a thabhairt agus má tá sé/sí cáilithe chun a leithéid a dhéanamh, tógfar an fhuil le bheith próiseáilte, nó caithfear i dtraipisí í go sábháilte i gcásanna eile. Tosaíodh an tseirbhís seo i mBaile Átha Cliath, ach scaipfear amach í go hionaid eile i rith 2014.

Táimid freagrach ag SFÉ as ár gciste pinsean féin don fhoireann a reáchtáil, agus bhí deacrachtaí aige seo le roinnt blianta anuas, amhail cuid mhaith cistí eile dá leithéid. Tá súil againn gur féidir teacht ar chomhaontú in 2014 chun na fadhbanna a chruthaigh sé seo dár bhfoireann a réiteach.

Is é an fhreagracht deiridh atá orm, rud is áthas liom, ná buíochas a ghabháil le daoine. Ba mhór an crann taca iad mo chomhghleacaithe ar an mBord i dtréimhse dhúshlánach. Bíonn suim ag an Aire Reilly agus ag a chomhghleacaithe, agus ag an bhfoireann sa Roinn Sláinte inár gcuid oibre i gcónaí, agus tacaíonn siad lenár n-iarrachtaí agus táimid thar a bheith buíoch as seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann SFÉ chomh maith as a ngairmiúlacht agus a dtiomantas do sheirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil dár n-othair agus dár ndeontóirí. Bhí sé de phléisiúr mór agam bualadh lenár ndeontóirí agus le cuid dár bhfaighteoirí agus lena muintir ag ár ndinnéir bhronnta gradam. Is pribhléid é bualadh leo agus buíochas a ghabháil leo as a n-am, a dtiomantas agus as an mbronntanas a thugann siad d'othair ar fud na hÉireann gach uile lá den bhliain. Is fíorlaochra iad den phobal.

**An tOllamh Anthony Staines**
Cathaoirleach



## Ár Luachanna

- Feabhas Seirbhíse
- Macántacht
- Meas
- Foghlaim
- Cuntasacht
- Obair Foirne

# Tuarascáil an Chathaoirligh

**Tuarascáil Chathaoirleach Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann maidir leis an measúnú ar rialú inmheánach airgeadais comhlacht stáit sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013, i gcomhréir le hAguisín V den Chód Athmheasta Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit**

1. Admhaímse mar Chathaoirleach go bhfuil an Bord freagrach as an gcóras de rialú inmheánach airgeadais atá ag an gComhlacht.
2. Ní féidir leis an gcóras de rialú inmheánach atá ag SFÉ ach cinnteacht réasúnta a chur ar fáil, gan a bheith iomlán, nach bhfuil earráid, míráiteas nó caillteanas ábhartha ann.
3. Deimhníonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ar siúl chun rioscaí suntasacha do SFÉ a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar an bpróiseas seo trí thuairiscí a fhaightear ón bPríomhfheidhmeannach.

   i. Tá lucht bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha a bhaineann lena réimsí gnó a aithint agus a mheasúnú, agus as rialú oiriúnach a cheapadh agus a oibriú. Déantar measúnú ar na rioscaí seo go leanúnach agus seans go mbíonn baint acu le réimse foinsí inmheánacha nó seachtracha, lena n-áirítear cliseadh ar rialú, cur isteach ar chórais faisnéise, tubaiste nádúrtha agus riachtanais rialaitheacha.

   ii. Buaileann lucht bainistíochta le chéile dhá uair sa mhí chun ceisteanna oibriúcháin agus rioscaí agus an chaoi a mbainistítear iad a phlé. Is é an ról atá ag an bhFoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin ina leith seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar son an Bhoird ar na príomhrioscaí a bhaineann le gnóthaí SFÉ agus ar an gcóras gníomhartha a bhfuil gá leo chun na rioscaí sin a bhainistiú, agus a dtorthaí ar cheisteanna suntasacha a chur faoi bhráid an Bhoird tríd an bPríomhfheidhmeannach.

   iii. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord ar son lucht bainistíochta feidhmiúcháin ar athruithe suntasacha ar obair SFÉ, agus ar an timpeallacht sheachtrach a théann i bhfeidhm ar rioscaí suntasacha. Nuair a aithnítear réimsí le haghaidh feabhsú sa chóras, déanann an Bord breithniú ar na moltaí a dhéanann an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin.

   iv. Cuireann an Stiúrthóir Airgeadais eolas ar fáil don Choiste Airgeadais, rud ar fochoiste den Bhord é, go míosúil, eolas a chuimsíonn príomhtháscairí feidhmíochta.

   v. Tá creat cuí rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil gnéithe atá sainmhínithe go soiléir agus iad forchoimeádta d'fhaomhadh an Bhoird amháin nó, de réir mar a bhíonn tarmligthe ag an mBord le haghaidh faomhadh cuí Feidhmeannais. Tá bainistíocht SFÉ ó lá go lá tarmligthe ag an mBord, agus tá teorainneacha cuí bunaithe acu le haghaidh údarú caiteachais don Fheidhmeannas. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as rialú inmheánach a chur i bhfeidhm, rialú inmheánach airgeadais san áireamh.

# Tuarascáil an Chathaoirligh

vi. Déantar monatóireacht go ginearálta ar an gcóras de rialú inmheánach airgeadais trí na próisis a bhfuil cur síos orthu thuas. Anuas air sin, déanann Coiste Iniúchóireachta agus Cloí an Bhoird athbhreithniú ar réimsí ar leith de rialú inmheánach mar chuid dá dtéarmaí tagartha.

4. Tá athbhreithniú sásúil déanta ag Coiste Iniúchóireachta agus Cloí an Bhoird ar éifeachtacht an chórais de rialú inmheánach airgeadais ar son an Bhoird. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Cloí athbhreithniú foirmiúil ar na córais seo maidir le 2013 ag a gcruinniú ar 24 Márta 2014.

## Riachtanais Bhreise Tuairiscithe

### Cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Bord tiomanta cloí leis na forálacha bainteacha den Chód Cleachtais Athmheasta um Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar a bhí foilsithe ag an Roinn Airgeadais i Meitheamh 2009.

Tá cód iompraíochta gnó don Bhord agus cód iompraíochta d'fhostaithe tar éis a bheith curtha i bhfeidhm. Tá an Bord tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar na cóid seo go rialta.

Tá an Bord tar éis glacadh le polasaí mionsonraithe taistil agus cothaithe a chloíonn le gach réimse de pholasaí taistil an Rialtais.

Rinne Bord SFÉ athbhreithniú ar thuairiscí ar rialú inmheánach i rith na bliana, in éineacht le hathbhreithniú rialta ar thuairiscí Bhord Leigheasra na hÉireann ar rialú oibriúcháin agus cloí agus bainistíocht riosca. Leanfaidh an Bord d'athbhreithniú na dtuairiscí seo agus d'obair go dlúth le BLÉ chun na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

Tá SFÉ tar éis cloí le nósanna imeachta diúscartha, mar atá mínithe sa 'Chód Cleachtais Athmheasta um Rialachas Comhlachtaí Stáit'. Cloíonn SFÉ leis na hoibleagáidí bainteacha go léir mar atá sainmhínithe faoi dhlí cánachais na hÉireann.

### Rialachas Corparáideach

Tá sé mar pholasaí ag an mBord cloí leis na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach, i gcomhréir leis na polasaithe agus na cleachtais a nglactar leo go ginearálta. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte.

Tá lámhleabhar ag an mBord dá chomhaltaí. Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtais Athmheasta um Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar a bhí foilsithe ag an Roinn Airgeadais i Meitheamh 2009.

### Oibriú an Bhoird

Tá dáréag comhaltaí ar an mBord, lena n-áirítear Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin a bhíonn ceaptha ag an Aire Sláinte.

Tháinig an Bord le chéile ocht n-uaire le haghaidh gnáthchruinnithe i rith na bliana, agus bhí cruinniú lae amháin acu ar Straitéis. Seo a leanas tinreamh chomhaltaí an Bhoird:

| Comhaltaí an Bhoird | Eanáir | Feabhra | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Samhain | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An tOllamh Anthony Staines (Cathaoirleach) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUas. Jane O'Brien# | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| An Dr. Lelia Thornton# | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| An Dr. Paolo Rebulla | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Dr. Paul Browne | | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | |
| An tUas. John Cregan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| An Dr. Conor McGrane*** | | | | | | | |
| An tUas. Linda Hickey* | | | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ |
| An tUas. Brian O'Mahony | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ |
| An tUas. Olwen Bennett* | | | ✓ | | ✓ | ✓ | |
| An tUas. Gerry Kelly* | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Dr. Cleona Duggan** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ |

**Ceaptha ar 17 Eanáir 2013
*Ceaptha ar 14 Feabhra 2013
*** D'éirigh sé as ar 14 Meitheamh 2013
# Deireadh téarma oifige ar 31 Deireadh Fómhair 2013

Faigheann gach ball eolas cuí agus tráthúil le cur ar chumas an Bhoird a dhualgais a chur i gcrích. Faigheann an Bord comhairle chuí neamhspleách agus ghairmiúil de réir mar is gá.

Cloítear le treoirlínte ar íocaíocht táillí agus speansas le comhaltaí an Bhoird.

# Tuarascáil an Chathaoirligh

| Táillí agus Speansais an Bhoird in 2013 | | |
| --- | --- | --- |
| **Seo a leanas luach saothair agus speansais chomhaltaí an Bhoird:** | **Táillí** | **Speansais** |
| | € | € |
| An tOllamh Anthony Staines, Cathaoirleach | Nialas | 1,952 |
| An tUas. Jane O'Brien | 10,082 | Nialas |
| An Dr. Paolo Rebulla | 11,970 | 3,526 |
| An Dr. Conor McGrane | 2,762 | Nialas |
| An tUas. Brian O'Mahony | Nialas | Nialas |
| An tUas. John Cregan | Nialas | 1,872 |
| An Dr. Paul Browne | Nialas | Nialas |
| An Dr. Hilary O'Leary | Nialas | Nialas |
| An Dr. Lelia Thornton | Nialas | 124 |
| An tUas. L Hickey | 9,990 | Nialas |
| An tUas. O Bennett | 9,990 | Nialas |
| An tUas. G Kelly | 9,990 | 2,921 |
| An Dr. C Duggan | Nialas | 677 |

### Treoirlínte ar bhreithmheas agus bainistíocht Tograí Caiteachais Chaipitiúil

Tá an Bord tiomanta cloí leis na Treoirlínte um Measúnacht agus Bainistíocht Tograí Caiteachais Chaipitiúil a bhí eisithe ag an Roinn Airgeadais in Iúil 1994, (athmheasta in Eanáir 2005) agus Ciorcláin 02/09 agus 02/11 maidir le socruithe le haghaidh caiteachas TFC sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.

Tá a modheolaíocht fhoirmiúil bhainistíochta tionscadal féin forbartha ag SFÉ chomh maith, rud atá oiriúnach le haghaidh oiriúnú, agus é sin faoi réir mhéid an tionscadail atá i gceist.

Tá struchtúr coiste ceaptha ag an mBord le cabhrú le cur i gcrích éifeachtach a fhreagrachtaí.

### An Coiste Feidhmíochta agus Forbartha

Tá fochoiste bunaithe ag an mBord le déileáil go sonrach le ceisteanna a bhaineann le tuarastal agus feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh. Cloíonn an Bord le polasaí an Rialtais ar phá an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bhfostaithe. Cloíonn an Bord chomh maith le treoirlínte ar íocaíocht táillí stiúrthóra. Ba é tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh in 2013 ná €154,407.

### An Coiste Comhairleach Leighis

Cuimsíonn an Coiste Comhairleach Leighis na comhaltaí den Bhord a bhfuil cáilíochtaí leighis acu, agus an fhoireann chomhairleachta leighis, agus bhuail siad le chéile ocht n-uaire in 2013. Is é an fheidhm atá aige ná monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le réimse an aistrithe fola agus

réimsí eile, an Bord a chur ar an eolas faoina leithéid d'fhorbairtí agus comhairle a chur ar an mBord ar ghníomh cuí.

## An Coiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí den Bhord páirteach ann. Bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta páirteach ann chomh maith. Tá cead ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitiúla agus oibriúcháin, iniúchtaí seachtracha a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, cuntais airgeadais agus bhainistíochta, ETFanna (KPIs) airgeadais, caiteachas caipitiúil, caipiteal oibre agus sreabhadh airgid. Déanann sé athbhreithniú chomh maith ar phleanáil ghnó, cleachtais chostála, soláthar, socruithe árachais, conarthaí, baincéireacht, socruithe airgeadais agus polasaí státchiste. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord ar thuairiscí bainistíochta agus airgeadais, agus cuireann sé comhairle ar fáil ar chinnteoireacht bhainteach. Oibríonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Cloí

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Cloí le chéile cúig huaire i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí den Bhord agus beirt chomhaltaí neamhspleácha seachtracha páirteach ann. Bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Oibríochtaí, an Stiúrthóir Cáilíochta agus Cloí agus an tIniúchóir Inmheánach ag freastal air chomh maith, agus bíonn an cuntasóir cúnta ag gníomhú mar rúnaí don choiste. Tá cead ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna ar bith a bhaineann le gnóthaí airgeadais, rialaitheacha nó cloí an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, tuairiscí an Iniúchóra Inmheánaigh, tuairiscí cáilíochta, na polasaithe cuntasaíochta, cloí le caighdeáin chuntasaíochta agus ar impleachtaí cuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta móra. Buaileann na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta bhliantúil ar ráitis airgeadais reachtúla an Bhoird. Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta agus Cloí faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

## An Clár Rioscaí

Aithníonn an clár rioscaí cineálacha éagsúla rioscaí, lena n-áirítear rioscaí straitéiseacha, cáile, cliniciúla, TF, airgeadais agus oibriúcháin don eagraíocht, an rialú reatha agus gníomhartha breise a bhfuil gá leo chun an tionchar ar an eagraíocht a íoslaghdú dá bhfíorófaí ceann de na rioscaí. Tá an Clár Rioscaí roinnte i gClár Rioscaí Eagraíochtúla, Cliniciúla agus TF. Déanann an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár rioscaí eagraíochtúla. Déanann na comhairligh leighis athbhreithniú ar an gClár Rioscaí Cliniciúla, agus bíonn an Clár Rioscaí TF athbhreithnithe ag an bPríomhfheidhmeannach agus ag an mBainisteoir TF.

# Tuarascáil an Chathaoirligh

Cinntíonn an mhonatóireacht seo go bhfuil na rioscaí agus an rialú aitheanta bainteach leis an am i láthair, agus go n-aithnítear rioscaí nua agus éiritheacha, agus go gcuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm.

## Gnóthas Leantach

Tar éis dóibh fiosruithe réasúnta a dhéanamh, tá na stiúrthóirí ag súil leis go réasúnta go bhfuil go leor acmhainní ag SFÉ le leanúint dá hoibriú go ceann i bhfad. Ar an gcúis seo, leanann siad de na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

## Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach as rialú inmheánach i SFÉ agus as a éifeachtacht a athbhreithniú. Cuimsíonn an córas de rialú inmheánach airgeadais atá ag an mBord an rialú sin a bunaíodh chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil maidir le:

- Cosaint sócmhainní ar úsáid nó diúscairt gan údarás; agus
- taifid chuí chuntasaíochta a bheith á gcoinneáil agus eolas iontaofa airgeadais a bheith á úsáid san eagraíocht.

Seo a leanas na príomhghnéithe den chóras atá ag an mBord le haghaidh rialú inmheánach airgeadais:

- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais
- Ullmhaítear Buiséad Bliantúil agus cuirtear é faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird
- Monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid ag an gCoiste Airgeadais agus ag an mBord
- Faomhadh sealbhóirí buiséid do bhuiséid ar leith
- Athbhreithniú buiséid le sealbhóirí buiséid
- Struchtúr airgeadais atá sainmhínithe go soiléir
- Leithscaradh cuí dualgas
- Teorainneacha soiléire údaraithe ceadaithe ag an gCoiste Airgeadais le haghaidh caiteachas caipitiúil agus athfhillteach
- Príomhphróisis airgeadais á ndoiciméadú go hiomlán i nósanna imeachta scríofa
- Stocáireamh agus réitigh rialta á ndéanamh ag foireann atá neamhspleách ar fhoireann stórais
- Seiceáil fíorúcháin agus rialú focail faire sa chóras airgeadais
- Réiteach eisiúintí táirgí le cinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí uile an Bhoird billeáilte go hiomlán
- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa
- Síniú orduithe ceannaigh ag Oifigeach Ceannaigh nó ionadaí údaraithe
- Nithe stoic á bhforéileamh trí ordú uathoibríoch
- Síniú agus códú gach sonraisc nach mbaineann le stoc ag bainisteoirí buiséid nó ag a n-ionadaithe údaraithe
- Gach sonrasc stoic á mheaitseáil go neamhspleách le NEI (GRN) agus ordú ceannaigh an stórais
- Seiceáil fhíoraithe íocaíochta shonraisc na soláthraithe ag baill foirne atá neamhspleách ar an bhfoireann íocaíochta cuntas

Tá a fhios ag an mBord go bhfuil an córas de rialú inmheánach ceaptha chun bainistíocht a dhéanamh ar an riosca atá ann nach mbainfí cuspóirí gnó amach, seachas an riosca sin a dhíchur go hiomlán. Ní féidir le rialú inmheánach ach cinnteacht réasúnta a chur ar fáil, gan a bheith iomlán, nach mbeidh míráiteas nó caillteanas ábhartha i gceist.

## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá ceanglas ar an mBord faoi Ordú um an mBord Seirbhíse Fuilaistriúcháin (Bunú), 1965, ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliain airgeadais, i gcomhréir le dlí is infheidhme in Éirinn agus caighdeáin chuntasaíochta, ina dtugtar léargas ceart agus cóir ar staid ghnóthaí Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus ar a hioncam agus a caiteachas sa bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, is gá don Bhord:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Imeacht ábhartha ar bith ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann de bheith ag oibriú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus le cur ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an Ordú. Anuas air sin, tá sé freagrach as sócmhainní Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a chosaint, agus bearta réasúnta a dhéanamh dá réir chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Forbairtí atá suntasach ó thaobh tráchtála de

*Asfhoinsiú iompair*

Chinn FSS ar an seachadadh slabhra fhuair go léir go hospidéil a asfhoinsiú, seachadadh fola agus táirgí fola san áireamh. Tháinig socruithe nua i bhfeidhm i mBealtaine 2013 le haghaidh soláthar fola agus táirgí fola.

## An tOllamh Anthony Staines

Cathaoirleach



**“Agus muid ag breathnú siar ar 2013, is féidir le SFÉ machnamh a dhéanamh ar bhliain inar éirigh linn go leor a bhaint amach, agus inar leanamar dár seirbhísí a chur ar fáil de réir na gcaighdeán is airde in ainneoin timpeallacht thar a bheith srianta a bheith ann ó thaobh oibre de.”**

# Tuarascáil an Phríomh-fheidhmeannaigh



Agus muid ag breathnú siar ar 2013, is féidir le SFÉ machnamh a dhéanamh ar bhliain inar éirigh linn go leor a bhaint amach, agus inar leanamar dár seirbhísí a chur ar fáil de réir na gcaighdeán is airde in ainneoin timpeallacht thar a bheith srianta a bheith ann ó thaobh oibre de. Choinníomar soláthar sábháilte comhsheasmhach fola, rud atá mar phríomhchúram orainn. Bhí orainn dul i ngleic le go leor dúshlán a d'ídigh ár n-acmhainní, ach d'éirigh linn teacht i dtír orthu go rathúil trí ghairmiúlacht agus athléimneacht na foirne go léir.

D'fhoilsíomar ár bPlean Straitéiseach le haghaidh 2013 - 2016 i Meitheamh, agus rinneadh cur i láthair sna hIonaid go léir ar phríomhghnéithe an Phlean. D'úsáideamar modheolaíocht an Scórchárta Chothromaithe den chéad uair i bhforbairt an Phlean seo. Déanfaimid athbhreithniú ar an dul chun cinn i ngach aon ráithe, le cinntiú go bhfuilimid dírithe go fóill ar na spriocanna atá leagtha síos againn dúinn féin.

Bhí orainn filleadh ar na leibhéil Haemaglóibine (Hb) sa Treoir ó 30 Meán Fómhair 2013. Ba mhór an dúshlán é seo, agus rinneamar roinnt beart trí obair foirne idirdhisciplíní a lig dúinn na leibhéil níos airde de Hb a chur i bhfeidhm agus an soláthar a choinneáil. Leanfar den obair seo le cinntiú nach mbeidh aon laghad ar an soláthar i samhradh 2014.

Leanamar dár dtiomantas d'othair Haemacrómatóise trínár ndara clinic a oscailt ar Shráid D'Olier i mí Lúnasa. Cé go bhfuil dul chun cinn mall i gceist, tá géarghá leis an tseirbhís seo, agus cuirfidh sí comhréir den fhuil don soláthar náisiúnta ar fáil de réir a chéile. Tá dul chun cinn mór déanta cheana chun clinic a oscailt inár n-ionad i gCorcaigh in Eanáir 2014.

Tá an-chuid dár ngníomhaíochtaí gnó á dtiomáint ag an teicneolaíocht. Sa chuid dheireanach de 2012, thosaíomar an tionscadal chun ár gcóras rialaithe banc fola a athsholáthar agus eTraceline, eRiskline agus Fíochán, Corda, Gas (FCG) a chur i bhfeidhm i SFÉ. Leanadh den tionscadal seo in 2013 agus béim ar chur i bhfeidhm eTraceline. Bhí cuid mhaith oibre déanta air seo ag deireadh na bliana agus seolfar é sa chéad ráithe de 2014. Chomh maith leis sin, tá obair ar siúl go leanúnach ar na modúil eile, agus tá sé beartaithe go mbeidh an fhoireann iomlán córas á hoibriú faoi dheireadh 2014. Ciallaíonn sé seo go mbeidh gá le hacmhainní suntasacha TF agus go mbeidh ar úsáideoirí a bheith tiomanta go mór chomh maith le cinntiú go gcloífear lenár spriocdhátaí.

Rinne an Bord cinneadh i Samhain an phróiseáil a lárú i mBaile Átha Cliath. Beidh tionchar mór aige seo ar an bhfoireann i gCorcaigh, agus caithfear plé leo go cuí sna míonna amach romhainn. Beidh lear mór oibre i gceist leis an tionscadal seo, agus beidh gá le pleanáil agus obair mhionsonraithe le comhpháirtithe teagmhasacha. Táthar ag súil leis go gcríochnófar an tionscadal seo faoi Mheán Fómhair 2015. Agus ullmhú á dhéanamh dó seo, tá athbhreithniú á dhéanamh againn ar ár bpolasaí bainistíochta rioscaí agus ar ár gcláir rioscaí. Tá Bainisteoir Riosca agus Athléimneachta ceaptha againn chomh maith le bheith freagrach as an réimse seo, lena n-áirítear Leanúnachas Gnó.

Tá laghdú leanúnach tagtha ar úsáid fola agus pláitíní, cás a laghdaíonn ár n-ioncam go mór. Cé go spreagann SFÉ úsáid chuí ár dtáirgí i gcónaí, tharla an laghdú leanúnach i bhfad níos tapúla ná mar a bhíomar ag súil leis, go háirithe i gcás na gceall dearg. Ach tá a fhios againn ónár gcomhghleacaithe Eorpacha gur treocht é seo atá ag tarlú ar fud na hEorpa. Níl sé soiléir céard go baileach is cúis leis, ach is cinnte gurb iad cuid de na fáthanna ná níos lú cur amú, teicnící máinliachta níos fearr, athbhreithniú in ospidéil ar chleachtas an aistrithe agus níos lú máinliachta roghnaí ar siúl mar gheall

# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

ar na ciorruithe ar chaiteachas sláinte. Tá an chuma air go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh sna blianta amach romhainn, agus beidh sé mar dhúshlán mór ag SFÉ costais a laghdú tuilleadh. Cé go bhféadfadh scóip áirithe a bheith ann chun laghdú breise a dhéanamh ar chostais, ní leor seo le dul i ngleic leis an laghdú ar ioncam.

Braitheann SFÉ go mór ar ár n-idirghníomhartha agus ár líonrú lenár gcomhghleacaithe Eorpacha. Chuir SFÉ cruinniú boird na Comhghuaillíochta Fola Eorpaí i mBaile Átha Cliath agus cruinniú BEST i láthair in 2013. Tá sé an-tábhachtach go leanaimid de bheith páirteach go gníomhach sna fóraim seo, le cur ar ár gcumas a bheith feasach ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn, agus ar an gcaoi a bhfuil seirbhísí eile fola ag plé leo. Táimid buíoch go háirithe de FTSNS as rannpháirtíocht ár bhfoireann leighis agus eolaíoch a éascú ar roinnt coistí tábhachtacha. Tá Comhlacht Comhairleach ag Rialtas na Breataine ar Fhuil agus Fíochán darb ainm SaBTO. Seo an Comhlacht a mhol an t-athrú ar na socruithe atreoraithe le haghaidh MSM. Sa chuid dheireanach den bhliain seo caite, tugadh stádas breathnóra do SFÉ sa Chomhlacht Comhairleach seo, agus ba mhór an dul chun cinn dúinn é sin. Is é an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch ionadaí SFÉ.

Is é an cheist mhór amháin atá gan réiteach go fóill ná maoiniú na scéime pinsean. Bhí cás againn san Ard-Chúirt in 2013 agus dheimhnigh an breithiúnas sin an scéal. Is mór an t-ábhar frustrachais agus buartha é an fhadhb seo ag an bhfoireann. Caithfimid teacht ar réiteach ar cheist an mhaoiniúcháin in 2014. Beidh orainn go léir iarracht mhór a dhéanamh le chéile le cinntiú go dtarlóidh sé seo. Caithfidh réiteach na faidhbe seo a bheith mar thosaíocht ag an mBord, lucht bainistíochta, an fhoireann, iontaobhaithe, na ceardchumainn agus ag an Roinn Sláinte in 2014. Bíodh sé seo an uair dheireanach a luaitear an cheist seo i mo thuarascáil.

Tá go leor oibre le bheith déanta go fóill trí chur i bhfeidhm na moltaí san Athbhreithniú Riaracháin, an chuid atá fágtha de mholtaí an Athbhreithnithe Cáilíochta, plean leanúnachais a fhorbairt toisc go bhfuil poist thábhachtacha a bheidh folamh sna cúig bliana amach romhainn agus caithfear tús a chur leis an bpleanáil anois chun daoine nua a fháil. Anuas air sin, is gá dúinn ár dteicneolaíocht riaracháin/oifige a nuashonrú chomh maith fad is a leantar de fhreastal ar riachtanais na n-othar agus na ndeontóirí.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Dr. Ian Franklin, fear a bhí mar Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch le trí bliana anuas. Chuir sé go mór leis an bpost leis an lear mór taithí agus eolais atá aige. Thum sé é féin i gcultúr, teanga agus cluichí na hÉireann. Guímid rath air agus é ar scor le gabháil don iliomad suimeanna atá aige. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh an Dr. Willy Murphy arís, agus tá mé ag súil le bheith ag obair leis sna blianta amach romhainn, le dul i ngleic leis an iliomad dúshlán a bheidh romhainn.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann go léir a leanann de sheirbhísí a sholáthar d'othair agus deontóirí de réir na gcaighdeán is airde. Tuigim go bhfuil sé seo ag éirí níos deacra agus srianta níos mó á gcur orainn in aghaidh na bliana. Ach tá a fhios agam ó na cuairteanna atá tugtha agam ar na hIonaid go léir agus ón bplé atá déanta agam leis an bhfoireann go mbíonn sibh ag gabháil do bhur gcuid oibre go han-ghairmiúil, agus go bhfuil sibh diongbháilte obair a dhéanamh de réir na gcaighdeán cáilíochta agus cúraim is airde.

**Andrew Kelly**
Príomhfheidhmeannach





**“Tháinig laghdú breise ar úsáid ceall dearg in ospidéil in Éirinn in 2013. Tá impleachtaí tábhachtacha ag baint leis seo do SFÉ ó thaobh airgeadais de, ach céard a bheidh i gceist leis seo ó thaobh cúram leighis de?”**

# Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíoch



Tháinig laghdú breise ar úsáid ceall dearg in ospidéil in Éirinn in 2013. Tá impleachtaí tábhachtacha ag baint leis seo do SFÉ ó thaobh airgeadais de, ach céard a bheidh i gceist leis seo ó thaobh cúram leighis de? Is eol dúinn le beagnach 20 bliain anuas go bhfuil difríochtaí móra in úsáid an aistrithe ceall dearg i gcórais fhorbartha sláinte an Iarthair. Níl a fhios ag éinne céard é an leibhéal barrmhaith úsáide, ach braithfidh sé ar cheisteanna amhail aois an daonra agus innéacsanna ginearálta sláinte. Ach is dóchúil go bhfuil an oiread céanna tábhachta le gnás, cleachtas nó nósanna na ndochtúirí. San Eoraip féin, tá breis is 50 aonad ceall dearg in aghaidh 1,000 duine aistrithe ag tíortha amhail an Ghearmáin agus an Danmhairg in aghaidh na bliana, rud a dhéantar i SAM chomh maith. Bíonn tuairim is 30 in aghaidh an mhíle i gceist i dtíortha eile, amhail Éire agus an Fhrainc. Tá siad go híseal i gCeanada agus san Astráil chomh maith. Tugann innéacsanna foriomlána sláinte na Fraince le fios go bhfuil cúram maith sláinte ansin, mar sin ba chóir go mbeadh 30 in aghaidh an mhíle sábháilte. Anuas air sin, ba ghnách gur léirigh trialacha cliniciúla ina ndearnadh comparáid idir aistriú níos lú agus aistriú níos mó gur fearr an rud é leibhéal níos lú.

Thug suirbhé a rinne Seirbhís Fuilaistriúcháin Thuaisceart Éireann sa tuaisceart le fios go ndearnadh cuid mhaith aistrithe taobh amuigh de na treoirlínte reatha, fiú ag leibhéal aistrithe de thuairim is 30 in aghaidh an mhíle. Mar sin b'fhéidir go mbeadh sé sábháilte níos lú ná 30 in aghaidh an mhíle cill dhearg a aistriú in aghaidh na bliana agus go bhféadfaí é a dhéanamh. Agus aois dhaonra na hÉireann á cur san áireamh, tá an chuma air nach dócha go mbeidh gá le níos mó fola go luath. Ach d'fhéadfaí go bhfuil an cás eacnamaíoch le sé bliana anuas ag dul i bhfeidhm go díobhálach ar ghníomhaíocht an chúraim sláinte agus ag laghdú an éilimh ar aistriú fola mar éifeacht thánaisteach. Ní bheadh sé sin i gcomhréir le cúram leighis barrmhaith.

Mar thoradh ar thrialacha cliniciúla eile a tuairiscíodh le déanaí, tá i bhfad níos mó ar eolas againn faoin gcaoi le pláitíní a aistriú. Tá tuiscint níos fearr ann ar dháileoga, minicíocht agus sceidealú ná mar a bhí cúig bliana ó shin fiú. Ar an mórchuid, tugann na torthaí seo le fios go bhfuil an seans ann go mbeidh gá le níos lú pláitíní amach anseo, má tá an cleachtas á stiúradh ag an bhfianaise.

Céard iad na chéad cheisteanna móra eile a bheidh ar SFÉ a bhreithniú? Tá teicneolaíocht a dhéanann cóireáil ar phláitíní chun an riosca go dtarlódh ionfhabhtú a laghdú, rud ar a dtugtar díghníomhachtú pataigine, tá sí ceadúnaithe le roinnt blianta anuas cheana. Beidh SFÉ ag coinneáil súil ghéar ar imscrúdú mionsonraithe ar éifeachtacht chostais sa RA agus déanfar roinnt cinntí tábhachtacha ina dhiaidh. Déantar díghníomhachtú paitigine ar an bplasma a úsáidtear in Éirinn cheana, ach ar ndóigh, níl na córais seo gan locht agus d'fhéadfaí go mbeadh gá le tástálacha nua agus breise a bhreithniú in 2014. Le roinnt blianta anuas, tá suim ann maidir le cé acu an mbeadh nó nach mbeadh fuil níos úire níos fearr le haghaidh aistriú, nó b'fhéidir gur cirte an cheist a chur an bhfuil fuil níos sine íochtarach mar tháirge? Is dóchúil go dtuairisceofar ar thrialacha a scrúdaíonn 'aois fola' ag am an aistrithe in 2014, agus beidh SFÉ, dochtúirí agus, ar ndóigh, othair ag súil go mór leis na torthaí.

Tar éis dom trí bliana a chaitheamh mar Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch ag SFÉ, tá mé ag imeacht le gabháil do shuimeanna eile atá agam agus mé ar scor. Guím gach rath ar mo chomharba, an Dr. Willy Murphy, agus é tar éis teacht ar ais ó bheith ar iasacht. Is cinnte go mbeidh roinnt dúshlán suimiúil agus tábhachtach roimhe, in éineacht lena chomhghleacaithe leighis agus sinsearacha eile i SFÉ.

**An Dr. Ian Franklin**
MBChB, PhD, FRCP [Lond; Glas; Edin], FRCPath.
Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch
MCRN 401650




**“tá pobal CLG ríthábhachtach i gcabhrú linn inár misean leanúnach soláthar sábháilte agus inbhuanaithe fola a choinneáil, fad is a chothaítear spiorad pobail maidir le deonú fola.”**

# Oibríochtaí




## Seirbhísí do Dheontóirí

### Searmanais Bronnta

Bhí searmanais bronnta ar siúl do dheontóirí i gCeatharlach, Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Baile Átha Fhirdhia in 2013. Tugadh aitheantas d'iomlán 853 deontóir as fuil a dheonú 50 uair, agus fuair 122 deontóir aitheantas as í a dheonú 100 uair. Tá na gradaim seo mar bhuíochas leis na deontóirí as a dtiomantas fad saoil do dheonú fola nó pláitíní. Is deis iad seo do SFÉ buíochas a ghabháil le deontóirí as a ndílseacht agus a dtiomantas seasmhach do bheatha daoine a shábháil. Ag gach aon cheann de na hócáidí seo, insíonn othar a fuair fuil a scéal agus tuigeann sé seo fíorthuiscint do gach aon deontóir ar an tábhacht atá leis an mbronntanas tarrthála a thugann siad do dhaoine eile.

### Brandáil

Forbraíodh fógra nua teilifíse agus rinneadh é a scannánú san Ionad Náisiúnta Fola, agus roinnt de na baill foirne ag cabhrú leis. Cuireadh suim mhór san fhógra seo sna meáin chumarsáide agus rinneadh tuairisciú forleathan air sna míonna a bhí sé á chraoladh. Bhí an-ghean ag an bpobal ar an bhfógra seo agus thug sé léargas don phobal ar an rud a thugann a ndeonacháin altrúíocha do na daoine is mó a bhfuil siad de dhíth orthu.

Sular taispeánadh ar an teilifís é, seoladh an fógra go hinmheánach nuair a aithníodh an obair a bhí déanta ag an iliomad oibrithe deonacha a ghlac páirt sa scannánú.

Ba mhór an spreagadh é an fógra féin san eagraíocht, ó ba rud é go raibh cuid de na príomhbhaill foirne ar an teilifís den chéad uair.

### Taighde

Baineadh triail as feachtas poist dhírigh in 2013 chun teagmháil bhreise a dhéanamh le deontóirí neamhghníomhacha, is iad sin, daoine nár dheonaigh fuil le dhá bhliain nó níos mó anuas. Seoladh trí chineál dhifriúla litreacha chuig grúpaí roghnaithe ar fud Bhaile Átha Cliath, Corcaigh agus Baile Átha Fhiardhia. Bhí teachtaireachtaí difriúla sna litreacha éagsúla seo chun deontóirí a spreagadh le filleadh ar an gclinic. Ar na bealaí cuir chuige a bhí iontu, bhí achainí dhíreach agus fiosrú béasach, agus bhí suirbhé i gceann amháin acu faoin bhfáth nár tháinig daoine ar ais. B'ábhar ionaidh é an toradh, ó ba rud é gur spreag an litir achainí 601 deontóir le filleadh ar an gclinic.

As na daoine a ndearnadh suirbhéireacht orthu, luaigh tuairim is 38% acu go raibh siad tar éis dul ar imirce go tír eile. Bheadh gá le tuilleadh taighde air sin le fáil amach cén déimeagrafaic aoise atá ag imeacht, agus cén chaoi leis na daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn go fóill a spreagadh le bheith ag deonú fola go rialta.




## Comhpháirtíochtaí

## CLG

Comhaontaíodh ag cruinniú an Choiste Bainistíochta/ na hArd-Chomhairle ar 16 Meitheamh 2012 go mbunófaí comhpháirtíocht idir CLG agus Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann. Tar éis don chomhaontú tosaigh a bheith déanta, thaistil baill foirne ó SFÉ chuig gach bord cúige agus chuig gach bord contae ansin chun tús a chur le cainteanna leis na clubanna a bheidh ag glacadh páirte sa chomhpháirtíocht. Caitheadh an chuid is mó den dara leath de 2012 agus 2013 air seo.

Is é is aidhm don tionscnamh ná go ndéanfaí 15,000 deonachán go bliantúil trí CLG. Agus tréithe comhchosúla acu amhail spiorad pobail, tiomantas sóisialta agus saorálaíochas, tá pobal CLG ríthábhachtach i gcabhrú linn inár misean leanúnach soláthar sábháilte agus inbhuanaithe fola a choinneáil, fad is a chothaítear spiorad pobail maidir le deonú fola.

Bhí an chomhpháirtíocht seolta go hoifigiúil san Ionad Náisiúnta Fola ag Príomhfheidhmeannach agus Uachtarán CLG, in éineacht le himreoirí cáiliúla de CLG agus cuid mhaith de na meáin chumarsáide náisiúnta. Rinne na meáin chumarsáide tuairisciú cuimsitheach uirthi sna laethanta agus sna seachtainí ina dhiaidh sin.

## Turas Rothaíochta na nGardaí ó Chionn Mhálanna go Carn Uí Néid

Ghlac grúpa Gardaí ó Chorcaigh páirt i dturas dian rothaíochta ó Chionn Mhálanna i gContae Dhún na nGall go Carn Uí Néid i gContae Chorcaí. Tugadh an Turas Rothaíochta ó Chionn Mhálanna go Carn Uí Néid chun feasacht a mhúscailt faoin tábhacht atá le fuil a dheonú. Bhí sé seo mar thionscnamh ag an nGarda Stephen Roe, fear a d'fhoghlaim faoin tábhacht atá le deonú fola nuair a fuarthas amach go raibh leocéime ar a mhac Alex. Ar an drochuair, fuair Alex bás den ghalar sin, ach dúirt a athair go raibh 5 bliana shona beatha acu le hAlex mar gheall ar na fuilaistriúcháin go léir a fuair sé. Is baill de Chór Tráchta na nGardaí iad an chuid is mó de na trí Gharda dhéag a ghlac páirt ann. Feiceann siad daoine i mbaol a mbáis tar éis tráma mór go rómhinic. Bíonn cuid mhaith acu páirteach in iompar othar agus soláthairtí práinneacha fola go dtí na hospidéil. Bhí an turas rothaíochta ar siúl ó 27 go dtí 30 Aibreán, 2013.

## Na Meáin Chumarsáide

Rinne 'Nationwide' ó RTÉ clár iomlán faoi dheonú fola ar 16 Meán Fómhair, agus chuir siad foireann SFÉ agus deontóirí fola ar fud na tíre faoi agallamh. Rinne an clár tuairisciú chomh maith ar an gceangal idir CLG agus SFÉ.


Chumhdaigh an clár an próiseas deonaithe fola, agus chuir Mary Kennedy agus Mary Fanning deontóirí ar fud na tíre faoi agallamh. Cuireadh duine de bhaill foirne SFÉ faoi agallamh inár gclinic ar Shráid D'Olier, is é sin, Barry Doyle agus a bhean chéile Molly. Cuireadh a mac Tom faoi agallamh chomh maith, agus é tar éis fuil a fháil.




**Tugadh an Turas Rothaíochta ó Chionn Mhálanna go Carn Uí Néid chun feasacht a mhúscailt faoin tábhacht atá le fuil a dheonú.**


# Staidreamh Deontóirí

## Deontóirí 2012 i gcomparáid le 2013








## Deonacháin Lánfhola de réir Deontóirí





Líon na nDeontóirí (Tabhair do d'aire: tá deontóirí a dheonaíonn fuil 4+ huaire ar an bpainéal haemacrómatóise)


## Deontóirí Lánfhola de réir Inscne




## Deontóirí Lánfhola de réir Aoise




## Deontóirí Lánfhola de réir Grúpa Fola



# Seirbhísí Ospidéil

Tá an Rannóg Seirbhísí Ospidéil san INF agus i IRAFM freagrach as dáileadh na dtáirgí fola agus na dtáirgí monaraithe go léir go náisiúnta, trí úsáid an Chórais Ordaithe Leictreonaigh.

Bhainistigh an rannóg Seirbhísí Ospidéil an t-aistriú go LG-Octaplas ar O agus A Octaplas araon in 2013, agus iad ag obair go dlúth leis an soláthraí Octapharama agus leis na hospidéil i rith an ama sin.

Aistríodh seachadadh fola agus táirgí fola ó fheidhm iompair SFÉ go comhlacht cúiréireachta leighis darb ainm First Direct faoi chonradh de chuid FSS in 2013. Tosaíodh an tseirbhís seachadta seo i bhfeithiclí ina bhfuil an teocht rialaithe ar 27 Bealtaine 2013. Bhí ról ríthábhachtach ag rannóg na Seirbhísí Ospidéil i gcinntiú go raibh córas i bhfeidhm le tacú le haistriú rathúil na seirbhíse 24/7 seo.

**Fuil, Comhchodanna Fola agus Táirgí Fola a Eisíodh**

| Táirge | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Cealla Dearga agus Lánfhuil | 126,560 | 133,199 |
| Pláitíní - Dáileoga Teiripeacha | 22,509 | 24,127 |
| Plasma Reoite | 198 | 277 |
| Octaplas | 18,896 | 20,961 |
| Crióidheascán | 167 | 160 |
| Riastap | 5,100 | 4,675 |
| Fachtóir Athchuingreach VIII (x IU) * | - | 13,349,000 |
| Fachtóir Von Willebrand (x IU) * | - | 304,200 |
| Fachtóir Athchuingreach IX (xIU) * | - | 3,684,250 |
| Prothromplex (x IU) * | - | 291,600 |
| Fachtóir XIII * | - | 5,500 |
| Plasma le haghaidh Úsáid IVD (Lítir) | 15,382 | 31,798 |


* Léiríonn figiúirí 2012 le haghaidh tiúcháin fachtóra chun neamhoird téachta fola a chóireáil ceisteanna ó Eanáir go hAibreán, ós rud é gur aistríodh an fhreagracht go hOspidéal San Séamas ó 30 Aibreán 2012.

# Comhchodanna

Tá an tSaotharlann Comhchodanna freagrach as próiseáil, lipéadú agus taisceadh na ndeonachán lánfhola agus aifiréis pláitíní a bhailítear go náisiúnta. Déantar an phróiseáil in dhá áit – san Ionad Náisiúnta Fola (INF) i mBaile Átha Cliath agus in Ionad Réigiúnach Aistrithe Fola na Mumhan (IRAFM) i gCorcaigh. Ullmhaítear pláitíní taiscthe san Ionad Náisiúnta Fola chomh maith.

Tá an tSaotharlann Eisiúna Comhchodanna san INF freagrach chomh maith as eisiúint táirgí neamhchaighdeánacha lánfhola agus ceall dearg, agus as eisiúint gach táirge pláitíní. Fuarthas iomlán 26,086 ordú táirge go leictreonach in 2013. Bhí siad seo bainistithe trí chomhoibriú dlúth idir an tSaotharlann Comhchodanna agus pearsanra na Seirbhísí Ospidéil.


Próiseáladh iomlán 136,361 deonachán lánfhola go náisiúnta in 2013. Próiseáladh 69% den iomlán seo san Ionad Náisiúnta Fola, agus próiseáladh 31% díobh in Ionad Réigiúnach Aistrithe Fola na Mumhan.




B'ionann táirgeadh pláitíní agus 11,402 deonachán aifiréise agus 4,481 pláitín taiscthe a ullmhaíodh. Bailíodh agus próiseáladh na deonacháin aifiréise sa dá ionad; próiseáladh 76.6% díobh san Ionad Náisiúnta Fola agus 23.4 díobh in Ionad Réigiúnach Aistrithe Fola na Mumhan. Cruthaíodh 2.1 dáileog phláitíní le gach deonachán aifiréise. B'ionann seo agus táirgeadh iomlán pláitíní 28,425 dáileog.

As an 22,986 dáileog aifiréis pláitíní a ullmhaíodh, bhí 11,162 (48.6%) díobh oiriúnach le haghaidh úsáid nua-naíoch, agus 11,824 (51.4%) díobh le haghaidh úsáid do dhaoine fásta amháin.

Ullmhaíodh pláitíní taiscthe san Ionad Náisiúnta Fola amháin.



Próiseáladh na deonacháin lánfhola chun na táirgí príomha agus tánaisteacha seo a leanas a chruthú:

| Príomhtháirge | An líon a ullmhaíodh |
|---|---|
| Lánfhuil agus Cealla Dearga | |
| Lánfhuil le haghaidh úsáid nua-naíoch | 1,876 |
| Tiúchan Ceall Dearg | 120,761 |
| Tiúchan Ceall Dearg le haghaidh úsáid nua-naíoch | 9,571 |
| Cealla Dearga, Téachta | 3 |
| Táirgí Plasma | |
| Plasma Úr Reoite, Scagtha | 985 |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh úsáid nua-naíoch | 230 |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh Táirgeadh Crióidheascáin | 343 |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh Crióidheascáin d'úsáid nua-naíoch | 192 |
| Séiream do Dheora | 3 |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh úsáid IVD | 128,582 |
| Cisil Bhánbhuí | |
| Leocaicítí, Ciseal Bánbhuí le haghaidh táirgeadh pláitíní taiscthe | 30,343 |
| Leocaicítí, Ciseal Bánbhuí | 3,896 |

| Táirge Tánaisteach | An líon a ullmhaíodh |
|---|---|
| Cealla Dearga | |
| Cealla Dearga Nite | 40 |
| Cealla Dearga le haghaidh IUT | 54 |
| Cealla Dearga, Plasma Laghdaithe | 646 |
| Cealla Dearga Roinnte le haghaidh Úsáid Nua-Naíoch | 1,080 |
| Táirgí Plasma | |
| Crióidheascán Taiscthe | 55 |
| Crióidheascán le haghaidh úsáid nua-naíoch | 185 |
| Pláitíní | |
| Pláitíní, Nite | 12 |
| Pláitíní, 50ml slánchodanna nua-naíocha | 24 |
| | |
| Granalaicítí | |
| Leocaicítí, Taiscthe | 29 |
| Leocaicítí, Taiscthe, Laghdú ar Líon na gCeall Dearg | 15 |

# Tástáil



# Víreolaíocht

## Feidhm na saotharlainne Víreolaíochta

Is é is feidhm don tsaotharlann Víreolaíochta ag an INF de chuid Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ná scagthástáil a dhéanamh ar dheonacháin fola le haghaidh na ngalar is féidir a tharchur trí aistriú fola.

Faigheann an tsaotharlann Víreolaíochta sampla séirim théachta ó gach deontóir, agus é tógtha ag am an deonacháin, rud a aithnítear le haitheantóir barrachód uathúil, agus iompraítear gach sampla ó na clinicí do dheontóirí fola go dtí an INF thar oíche agus déantar tástáil orthu an lá dár gcionn.

Déantar tástáil ar an sampla le fáil amach an bhfuil marcóirí víreasacha ar leith ann a d'fhéadfaí a tharchur trí aistriú fola. Tástáladh tuairim is 149,000 sampla in 2013.

Déantar na tástálacha séireolaíochta seo a leanas sa tsaotharlann víreolaíochta agus tá siad éigeantach i gcás na ndeonachán go léir.

- antaigin dromchla Heipitíteas B (HBsAg) agus antasubstaint in aghaidh phríomh-antasubstaint Heipitíteas B
- antasubstaint in aghaidh an Víris Easpa Imdhíonachta Daonna 1/2
- antasubstaint in aghaidh víreas Heipitíteas C
- antasubstaint in aghaidh Víreas Daonna T-Lymphotropic I & II
- antasubstaint in aghaidh Treponema Pallidum, gníomhaí cúiseach Gallbholgaí

Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh Cítimeigilivíris (CMV) ionas go mbíonn soláthar deonacháin Cítimeigilivíris dhiúltaigh ann do na hothair siúd a bhfuil sé de dhíth orthu m.sh. othair atá imdhíon-lagaithe. Nuair a bhíonn na tástálacha go léir críochnaithe, agus má fhaightear torthaí sásúla, faomhtar an t-aonad agus cuirtear lipéad air le haghaidh eisiúint, fad is go bhfuil sé diúltach chomh maith i gcás Tástáil Aigéid Núicléasaigh (TAN).

Déantar na tástálacha seo leis an trealamh is déanaí a chloíonn leis an dea-chleachtas déantúsaíochta. Déantar scagthástáil le haghaidh na coda is mó de na víris seo ar an Abbott Prism, agus fearais tástála Abbott Prism á n-úsáid, agus tá córas Prism á úsáid i SFÉ ó Mheitheamh 1997. Is uirlis scagthástála fola ardtoirte ilchainéalach é Abbott Prism atá uathoibrithe go hiomlán, agus é ceaptha go sonrach chun deonacháin fola a scagthástáil. Tairgeann sé cloí iomlán leis an dea-chleachtas déantúsaíochta agus is féidir leis 180 sampla a phróiseáil san uair.

Déantar scagthástáil le haghaidh Bolgaí agus Cítimeigilivíris (CMV) ar phróiseálaí DiaSorin ETImax.

Déanann an tsaotharlann scagthástáil chomh maith le haghaidh marcóirí víreasacha do rannóga éagsúla i SFÉ, lena n-áirítear deontóirí gascheall, deontóirí fíochán comhla croí agus samplaí ó chláir tástála rianaithe faighteoirí.

Tá an tsaotharlann Víreolaíochta freagrach chomh maith as atreorú samplaí frithghníomhacha athuaire (TAN san áireamh) ó na cláir do dheontóirí agus do dhaoine nach deontóirí iad chuig an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta Víreas (STNV) agus an tSaotharlann Lárnach Paiteolaíochta (SLP) in Ospidéal San Séamas le haghaidh tástáil deimhniúcháin/bhreise.

Caithfidh an tSaotharlann Víreolaíochta a chinntiú go mbaintear amach feidhmíocht ionchasach measúnuithe tríd an tástáil réamhghlactha chuí baisce a dhéanamh, agus trí chaighdeáin ón Institiúid Náisiúnta Caighdeáin Bhitheolaíochta agus Rialúchán sa Ríocht Aontaithe

# SNTIH

a úsáid, agus rialúchán ilmharcóra ó Acrometrix mar rialúcháin ceadaithe/diúltaithe ar gach tástáil. Úsáidtear na caighdeáin rialaithe cáilíochta seo chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhsheasmhacht na feidhmíochta tástála trí rialú próiseas staidrimh go laethúil, agus de réir a chéile, mar mhonatóir siarghabhálach ar fheidhmíocht baisceanna. Bíonn an tsaotharlann páirteach i gclár monatóireachta a ligeann do SFÉ comparáid a dhéanamh idir torthaí anseo agus in Ionaid Fola sa Ríocht Aontaithe.

Tá an tsaotharlann páirteach chomh maith sa chlár faireachais atá á reáchtáil ag Aonad Eipidéimeolaíochta Fhuil agus Trasphlandú na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte (FTSNS)/Sláinte Phoiblí Shasana. Déantar monatóireacht ar na rátaí deimhnithe dearfacha agus frithghníomhaithe le haghaidh fearais tástála agus torthaí deimhniúcháin trí uimhreacha éagsúla míre imoibrithe le FTSNS a úsáid. Gintear tuairisc mar fhógra a shonraíonn feidhmíocht mheasúnachta agus treochtaí sna rátaí frithghníomhaithe.

Tá an tsaotharlann Víreolaíochta páirteach i dtrí chlár oilteachta, ceann amháin atá á scaipeadh ag Seirbhís Náisiúnta Sheachtrach Mheasúnachta Cáilíochta na Ríochta Aontaithe (SNSMC RA) le haghaidh Micreabhitheolaíochta, an dara ceann ag VQC-Acrometrix i gcomhar le Saotharlann Tagartha Náisiúnta Séireolaíochta na hAstráile (STN, an Astráil), agus ceann amháin ag an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasanna agus Cúram Sláinte (SECL), Strasbourg.

Bhí tástáil Víreolaíochta uile SFÉ in Éirinn cruinnithe le chéile san Ionad Náisiúnta Fola i mBaile Átha Cliath i Meitheamh 2012, agus tá plean tástála teagmhasachta seachtraí ag SFÉ le Seirbhís Fuilaistriúcháin Náisiúnta na hAlban (SFNA) ar eagla go dtarlódh teip mhór agus nach mbeadh an tsaotharlann víreolaíochta in ann cuid áirithe/ar bith de na torthaí reatha éigeantacha Víreolaíochta a chur ar fáil. Bíonn an plean seo á thástáil ceithre huaire in aghaidh na bliana trí líon beag samplaí a sheoladh chuig SFNA le haghaidh tástáil Víreolaíochta. Níor ghá plean tástála teagmhasachta seachtraí SFNA a chur i bhfeidhm i rith 2013.

### An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI)


Cuireann an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI) réimse cuimsitheach seirbhísí tástála cliniciúla ar fáil le tacú leis na cláir thrasphlandaithe gaschealla fuilghinte allataigineacha (TGFA) ag Ospidéal San Séamus agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Is féidir TGFA a úsáid chun leocéimí, siondróim theipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ó bhroinn a chóireáil.

Cinneann an tsaotharlann cineál Antaigin Leocaicíte Dhaonna (ALD) gach othair agus deontóra (gaolmhar nó neamhghaolmhar) roimh thrasphlandú le cabhrú le roghnú deontóirí. Úsáideann an tsaotharlann modhanna atá go hiomlán móilíneach agus iad bunaithe ar an Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise (ISP) chun na géinte a ionchódaíonn na móilíní ALD a shainmhíniú. Is féidir leis an teicneolaíocht seo ardleibhéal taifigh a bhaint amach, rud a dhéanann idirdhealú idir ailléilí aonair na ngéinte ALD.

Tá clár cuimsitheach dearbhaithe cáilíochta ag an tsaotharlann, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcláir inmheánacha agus sheachtracha thástála oilteachta le haghaidh tíopáil ALD, Géinitíopáil Antaigin Pláitíní Dhaonna (APD) agus imscrúduithe antasubstainte ALD. Tá an SNTHI creidiúnaithe ag an gCónaidhm Eorpach um Imdhíon-ghéinitic (CEI) ó 2001.

Rinne an SNTHI tíopáil ALD in 2013 ar shamplaí ó 192 othar Éireannach le haghaidh trasphlandú féideartha gascheall fuilghinte agus rinne siad tíopáil ALD ar a ngaolta chomh maith. I gcás na n-othar sin nach bhfuil deontóir oiriúnach muinteartha acu, is féidir deontóir nach gaol é/í a aithint ón gclár deontóirí deonacha. Cuireann an SNTHI seirbhís tacaíochta imdhíon-ghéinitice ar fáil do Chlár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ), agus rinne an tsaotharlann tíopáil ALD in 2013 ar 867 deontóir deonach nua le cur leis an gclár.


## Líon na nOthar Éireannach a fuair x ó Dheontóir Neamhghaolmhar ó 2004 go dtí 2013




Le 10 mbliana anuas, d'éascaigh CSNÉ 297 trasphlandú deontóra neamhghaolmhair d'othair Éireannacha, agus bhí 85% (n=252) de na trasphlanduithe seo déanta le seacht mbliana anuas, agus 65% (n=160) díobh le ceithre bliana anuas.

Cuireann an SNTHI seirbhís rialta tíopála ALD gaol galair ar fáil chomh maith. B'ionann an tseirbhís seo agus 48% de na himscrúduithe a rinneadh in 2013. Bíonn an chuid is mó de na samplaí tarchurtha le fáil amach cé acu an bhfuil nó nach bhfuil HLA-B27 iontu, rud a bhaineann le Spondailíteas Ancalósaithe; galar pianmhar forásach réamatach a théann i bhfeidhm ar an dromlach agus ar na hailt shaicriliacha go príomha.

## Dáileadh Imscrúduithe SNTIH




Chomh maith leis sin, cuirtear seirbhís imdhíoneolaíochta pláitíní d'imscrúdú séireolaíoch trombaicítipéine nua-naíche alla-imdhíonaí (TNA), Galar Corcra Iar-Fhuilaistrithe (GCIF), athraontóireacht pláitíní, trombaicítipéiní alla-imdhíonacha agus frithghníomhartha tromchúiseacha díobhálacha ar fáil. Tá líon na n-imscrúduithe TNA mar an gcéanna le líon 2012.

Bhí iomlán 593 deontóir pláitíní de chineál HLA-A agus -B, agus cuireadh iad san áireamh ar an bpainéal deontóirí pláitíní ar mhaithe le tacú le soláthar táirgí barrmhaith pláitíní do na hospidéil.

Leanann an tsaotharlann de bheith páirteach go gníomhach i dtionscadail taighde le hospidéil agus ollscoileanna Éireannacha chun ról ALD géinte gabhdóirí cealla marfóra de chineál Ig (GCM) i ngalair éagsúla a léiriú. Cuireadh an póstaer seo a leanas i láthair in 2013 i gcomhar le hOspidéal San Séamas, Baile Átha Cliath ag an 20ú Comhdháil ar Aisvíris agus Ionfhabhtuithe Faille (CAIF 2013) Márta 3-6, 2013 Atlanta.

- Comhcheangail fochineál antaigin leocaicíte dhaonna le téarnamh imdhíoneolaíoch agus tocsaineachtaí drugaí i ndaoine fásta atá ionfhabhtaithe le VEID. O’Halloran JA, Crowley J, Fagan M, Hickey C, Stokes S, Tuite H, Kinsella A, Hagan R, Bergin C.

# Diagnóisic/ Trasmheaitseáil Bhaile Átha Cliath

## An tSaotharlann Diagnóisice ag an INF

Cuireann an tsaotharlann diagnóisice ag an INF seirbhísí Imdhíon-haemaiteolaíochta Ceall Dearg agus Réamhbhreithe ar fáil d'ospidéil ar fud na tíre.

Ar na seirbhísí a chuireann an tSaotharlann Diagnóisice ar fáil, tá:

- Soláthar fuil feinitíopa (nach bhfuil ar fáil ar an tseilf)
- Soláthar fola trasmheaitseáilte d'othair a bhfuil antasubstaint chasta iontu, agus d'ospidéil nach bhfuil Saotharlanna Aistrithe Fola iontu.
- Imscrúdú antasubstaintí ceall dearg
- Imscrúdú Frithghníomhartha Haemalaíocha Aistrithe Fola
- Tíopáil ABO/Rh, lena n-áirítear fadhbanna tíopála.
- Imscrúdú Tástálacha dearfacha Díreacha Antaglóbailin (othair agus deontóirí)
- Imscrúdú Ainéime Uath-imdhíonachta Haemalaíche.
- Imscrúdú Galair Haemalaíoch an Fhéatais agus an Bhábaí Nuabheirthe (GHFBN).
- Cosc GHFBN trí Scagthástáil rialta Réamhbhreithe i gcás na dtoircheas atá i mbaol. (Cuimsíonn sé seo cainníochtú Frith-D, frith-c agus toirtmheascadh antasubstaintí atá suntasach go cliniciúil).
- Soláthar fola oiriúnaí ag an mbreith i gcás na dtoircheas i mbaol.
- Comhairle eolaíoch do chomhghleacaithe ospidéil.
- Feinitíopaí breisithe d'othair a bhraitheann ar aistriú fola.

Cuireadh iomlán 2,325 sampla ar aghaidh chuig an tSaotharlann Diagnóisice in 2013. B'ionann seo agus méadú 4.9% ar imscrúduithe antasubstainte, méid arbh ionann é agus méadú 15% ar chainníochtú frith-D (méadú foriomlán cainníochtaithe 9.4% i gcomparáid le 2012).
Tugadh an méadú ba shuntasaí faoi deara in atreorú le haghaidh imscrúdú RhD; méadú 104% i gcomparáid le 2012. Bhí sé seo mar thoradh díreach ar athruithe ar na treoirlínte le haghaidh tástáil réamh-chomhoiriúnachta a bhí eisithe ag an gCoiste Briotanach um Chaighdeáin sa Haemaiteolaíocht [Leigheas Fuilaistriúcháin 2013;23:3-35].

Mar atá tarlaithe i mblianta roimhe seo, tá ardleibhéal leanúnach de shamplaí á bhfáil atá deacair go séireolaíoch nó atá neamhchoitianta. Aithníodh na halla-antasubstaintí deacra nó neamhchoitianta seo a leanas tríd an INF in 2013.

| |
|---|
| Frith-Chido/Rodgers (11), gaolmhar le CR1 (7), Do Chóras ar Leith (4), Frith-U (3) |
| Frith-Lea+b (3), Frith-k (2), Frith-Csa (1), Frith-JMH (1), Frith-H (1), Frith-Yta (1) |
| Frith-Jsb (1), Frith-D ó RhD+ (1) |

B'othair nua-naíocha iad an chuid is mó de na hothair seo. I gcomhréir le haithint na hantasubstainte, ba ghá an riosca HDFN agus riachtanais fhéideartha fola máithreacha agus babaithe a bhainistiú. Bhí rath ar na torthaí go léir go dtí seo.

Is díol suntais é gur aithníodh na sainiúlachtaí seo go léir go hinmheánach, agus nár atreoraíodh ach 2 shampla go seachtrach chun stádas antasubstainte a dheimhniú. Tá an dá antasubstaint seo neamhchoitianta: frith-Jsb agus frith-H.

Is antasubstaint é Frith-Jsb in aghaidh antaigin ardmhinicíochta Jsb. Tá feinitíopa Jsb neamhchoitianta agus faightear é go heisiach nach mór i ndaoine as an Afraic. D'aithin SFÉ frith-Jsb agus shocraigh siad allmhairiú aonaid Jsb taobh istigh de 24 uair.

Is antasubstaint é Frith-H in aghaidh antaigin ardmhinicíochta H. Tá feinitíopa H (feinitíopa Bombay; Oh) thar a bheith neamhchoitianta agus tá sé mar thoradh ar shochtadh ghéin FUT1 (FUT1*N). San Eoraip, is é an mhinicíocht H-daoine ná tuairim is duine amháin in aghaidh an 1,000,000.

Tá an tsaotharlann tar éis a fardal Cealla agus Antaiséirim Tagartha Neamhchoitianta a fhorbairt (trína ballraíocht sa Líonra Malartaithe Idirnáisiúnta Séiream, Ceall agus Leachta Neamhchoitianta (SCLN) agus i Malartán Ceall an RA) agus tá sí tar éis barrfheabhsú a dhéanamh ar a modheolaíochtaí tástála le dul in oiriúint do dhéimeagrafaic athraitheach dhaonra na hÉireann. Bhí sé mar thoradh air seo go bhfuil laghdú ollmhór tar éis teacht ar líon na samplaí a atreoraíodh ó Shaotharlann Diagnóisice an INF chuig an tSaotharlann Tagartha Idirnáisiúnta Grúpaí Fola (STIGF) le leathscór bliain anuas, go dtí an dá shampla atá ann faoi láthair le haghaidh deimhniú antasubstainte.

## Allmhairiú fola annaimhe

Allmhairíodh iomlán 8 n-aonad ón iasacht in 2013.

**Tábla 3.2.1. Aonaid a Allmhairíodh ón Iasacht**

| Antasubstaint | Sonraí Cáis | Aonaid | Foinse |
|---|---|---|---|
| Frith-U | Seachadadh Pleanáilte | 2 | FTSNS i Learpholl |
| | | 2 | ARC, New Jersey |
| Frith-U | Seachadadh Pleanáilte | 2 | FTSNS i Learpholl |
| Frith-Jsb | Cás leighis | 2 | FTSNS i Learpholl |

*Frith-U*

Láimhseáil SFÉ dhá chás de bhreith phleanáilte a bhain le beirt bhan ar leith a raibh frith-U neamhchoitianta iontu.

*Frith-Jsb*

Bhain an cás seo le hothar a raibh haemaiteiméis air/uirthi. Imscrúdaíodh an sampla agus tuairiscíodh air an lá céanna agus aithníodh frith-Jsb. Allmhairíodh dhá aonad ón mBanc Náisiúnta Reoite ag STIGF i Learpholl taobh istigh de 24 uair ó fuarthas an sampla ag SFÉ. Coinníodh aonaid ar fuireachas agus aistríodh iad ar deireadh.

# Diagnóisic/ Trasmheaitseáil Chorcaí

Cuireann an tsaotharlann diagnóisice ag IRAFM gnáthsheirbhísí agus seirbhísí tagartha imdhíon-haemaiteolaíochta agus saotharlainne ar fáil. Cuireann sí na chéad seirbhísí sin a luadh ar fáil d'Ospidéal Ollscoile na hOtharlainne Theas (OOOT), Ospidéal Naomh Fionnbarra, Ospidéal Príobháideach an Mater i gCorcaigh (aistriú seirbhíse ó iar-ospidéal na Seanchoille ag tús 2013) agus Ospidéal Ollscoile agus Ospís Marymount, chomh maith le seirbhísí tagartha imdhíon-haemaiteolaíochta agus saotharlainne do Réigiún na Mumhan. Bíonn Eolaithe Leighis agus oifigigh seachadta ar an láthair 24 uair in aghaidh an lae, seacht lá in aghaidh na seachtaine, agus tacaíocht á cur ar fáil dóibh ag Foireann Speisialtóra Leighis agus Haemaiteolaí Comhairleach.


Leanadh d'athchomraíocht na Seirbhísí Cliniciúla sa réigiún in 2013, rud a chuaigh i bhfeidhm go háirithe ar OOOT agus rinneadh Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge a ailíniú le hospidéil ghaolmhara COC (UCC). Rinneadh athbhreithniú sa réigiún chomh maith ar an nGnáthsheirbhís Imdhíon-haemaiteolaíochta.

Ar na seirbhísí a chuireann an tSaotharlann Diagnóisice ar fáil, tá:

- Feidhmiú mar Bhanc Fola do roinnt ospidéil chathrach: Déanann IRAFM grúpáil fola, scagthástáil antasubstaintí, agus soláthraíonn siad cealla dearga trasmheaitseáilte agus comhchodanna eile d'othair ar leith. Soláthar comhairle saotharlainne agus cliniciúla do na hothair seo. Imscrúdú frithghníomhartha féideartha aistrithe fola, rannpháirtíocht i mBainistíocht Fuil Othar agus i bpleanáil agus in athbhreithniú an chleachtais aistrithe fola trí choistí agus iniúchadh aistrithe fola an ospidéil agus bainistiú ar inrianaitheacht comhchodanna.
- Agus é mar shaotharlann tagartha, imscrúdaíonn IRAFM tíopáil chasta nó aimhrialta ceall dearg, tíopáil shínte d'othair spleácha aistrithe fola, tástálacha deimhneacha díreacha antaglóbailine, ainéime uath-imdhíonachta haemalaíoch, galar haemalaíoch an fhéatais/bhabaí nuabheirthe, agus antasubstaintí casta a chuireann cealla dearga sínte

## Gníomhaíochtaí Shaotharlann Diagnóisice IRAFM

De réir Ráithe 2013



# Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí

meaitseáilte (feinitíopáilte) agus trasmheaitseáilte ar fáil do na hothair seo. D'fhéadfaí gur gá roinnt uaireanta a chaitheamh chun samplaí ar leith a imscrúdú go hiomlán sna cásanna seo, agus sean go mbeadh gá le scagthástáil deonachán nuair nach bhfuil cealla dearga comhoiriúnacha ar fáil ar an tseilf. Ba ghá seacht sampla othair a atreorú chuig speisialtóir breise ag an tsaotharlann tagartha idirnáisiúnta grúpaí fola (STIGF) i mBriostó. Cuirtear comhairle ar fáil do chomhghleacaithe sa réigiún.


- Agus é mar shaotharlann tagartha, imscrúdaíonn IRAFM othair réamhbhreithe a bhfuil antasubstaintí ceall dearg iontu, agus rianaíonn sé a gcúram ar feadh an toirchis chun an fháil atá ar fhuil mheaitseáilte don mháthair agus don bhabaí ag an mbreith a phleanáil.
- Bainistíonn foireann na Saotharlainne Diagnóisice an stoc comhchodanna speisialta don réigiún. Cuimsíonn sé seo gach comhchuid pláitíní agus gach ordú a fhaightear tríd an gCóras Orduithe Leictreonacha maidir le cealla dearga tíopa antaigine, comhchodanna fola ionradaithe agus comhchodanna fola do bhábaithe.
- Agus iad mar eolaithe a bhíonn ar dualgas iar-ama, cuireann an tsaotharlann diagnóisice leis an tseirbhís trí mhaoirseacht a dhéanamh ar chóras monatóireachta leanúnaí pláitíní 'BacT', agus iad ag déanamh próiseáil thánaisteach ar chomhchodanna fola agus athghairmeacha agus is iad an chéad phointe teagmhála le haghaidh fiosruithe cliniciúla a chuirtear ar aghaidh go dtí an fhoireann leighis.
- Bhí an fheidhmíocht i Scéimeanna Seachtracha Measúnachta Cáilíochta sásúil i rith na bliana, agus d'fhreastail an fhoireann ar chruinnithe Chumann Fuilaistriúcháin na Breataine (CFB) agus SNSMC.

## Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí

Bíonn an Ghrúpáil Uathoibrithe Deontóirí ar a dícheall i gcónaí chun na teicnící tástála is déanaí agus is leochailí atá ar fáil a thabhairt isteach. Baintear seo amach trí thaighde aonair, nó trí thionscadail a dhéantar mar chuid de staidéar breise. Ní hamháin go bhfeabhsaíonn na hathruithe seo sábháilteacht táirgí fola, ach méadaíonn siad éifeachtúlacht soláthair táirgí ceall dearg ina bhfuil feinitíopaí neamhchoitianta nó casta, mar fhreagra ar iarratais ar leith ó ospidéil.

Tástáladh breis is 148,000 deonachán in 2013, agus thug deontóirí nua 11,688 (7.8%) díobh seo. Is féidir minicíochtaí na gcineálacha fola in Éirinn a mheas leis na torthaí a fhaightear ó dheontóirí nua a thástáil.

### Deontóirí Nua 2013



Amach ó na tástálacha riachtanacha séireolaíocha a dhéanamh (sagthástáil ABO, RhD agus antasubstaintí), déanann an tsaotharlann scagthástáil agus tíopáil rialta ar dheontóirí ar mhaithe leis na feinitíopaí atá níos neamhchoitianta nó comhcheangail tíopaí a aimsiú, rudaí a d'fhéadfadh a bheith de dhíth in éigeandáil. Rinne an tsaotharlann breis is 125,000 tíopa antaigine eile in 2013 agus chuir sí fuil thíopáilte ar fáil do ghnáthorduithe ospidéil, fuilaistriúcháin ionútaracha agus iarratais éigeandála ar aonaid antaigine diúltaí níos casta.

Tá trí thionscadal leanúnacha ar siúl faoi láthair chun deontóirí a bhfuil cineálacha neamhchoitianta antaigine iontu a aithint. Is éard atá sa chéad cheann acu ná tionscadal náisiúnta scagthástála chun deontóirí Kpb dhiúltaigh a aimsiú. Tá gá leis seo toisc go ndearnadh iarratais roimhe seo ar an gcineál fola neamhchoitianta sin, rud a chiallaigh gur ghá aonaid oiriúnacha a allmhairiú. Ba chóir gurb ionann minicíocht a leithéid d'aonaid dhiúltacha Kpb agus 1:5000, ach tá teipthe go dtí seo ag scagthástáil atá déanta ar aonaid O Diúltach le 18 mí anuas ceann acu a aithint go fóill.

Tá an dara tionscadal beagnach críochnaithe anois, agus is é is aidhm dó ná painéal deontóirí k (cellano) dhiúltaigh a fhorbairt (minicíocht 1:1000). Aithníodh breis is 200 deontóir go dtí seo agus cuireadh iad ar phainéal a bhí roghnaithe go speisialta. Is gnách gur féidir déileáil anois le hiarratais ar bith ar fhuil k dhiúltaigh "ón tseilf", nó is féidir glaoch ar dheontóirí ar leith de ghrúpa agus feinitíopa cuí ABO chun deonachán ar leith ar dhéanamh le freastal ar an iarratas.

Chuimsigh an tríú tionscadal a tionscnaíodh in 2013 úsáid fearas nua tíopála páirtí RhD atá ann chun deontóirí a bhfuil tíopa athraitheach RhD iontu a bhrath. Bhí sé seo mar fhreagra ar aimsiú deontóra a bhí tíopáilte a bheith Rh D diúltach roimhe seo, ach fuarthas amach go raibh athraitheach lag RhD thar a bheith neamhchoitianta ann (cineál 10). Chiallaigh sé seo go raibh RhD dearfach an-lag sa deontóir seo, agus d'fhéadfadh iarmhairtí a bheith air sin dá n-aistreofaí an t-aonad go fíor-fhaighteoir RhD diúltach. Is gnách go mbíonn antaigin Rh C nó antaigin Rh E níos neamhchoitianta sna cineálacha neamhchoitianta laga RhD seo chomh maith. Mar sin díríodh ar gach cás RhD dhiúltaigh (a bhí ina ndeontóirí Rh C dheimhnigh) le haghaidh scagthástáil ar dtús, agus aimsíodh agus deimhníodh 5 shampla breise de na tíopaí thar a bheith neamhchoitianta seo. Cuimseoidh scagthástáil in 2014 deontóirí Rh E dheimhnigh.

Glacann an Rannóg Ghrúpála Uathoibrithe páirt in dhá scéim sheachtracha mheasúnachta cáilíochta, agus iad ag cuimsiú 15 chleachtadh ar leith in aghaidh na bliana. Déantar monatóireacht ar inniúlacht na foirne trí úsáid na scéimeanna seo, agus cuimsíonn sí seo tástáil samplaí trí theicnící uathoibrithe agus láimhe araon. D'éirigh le foireann na saotharlainne cruinneas 100% a bhaint amach i Scéim Náisiúnta Sheachtrach Mheasúnachta Cáilíochta na Ríochta Aontaithe (SNSMC RA) ó cláraíodh an tsaotharlann den chéad uair in 2008. Déantar an dara scéim a chur i gcrích uair sa bhliain agus cuimsíonn sí seo gach gné de shéireolaíocht deontóirí, grúpáil ABO, tíopáil RhD, scagthástáil / aithint antasubstaintí agus tíopáil antaigine eile. Is suirbhé idirnáisiúnta í an scéim seo den Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasanna agus Cúram Sláinte ar chaighdeáin saotharlainne. Scóráil an tSaotharlann Grúpála Deontóirí cruinneas 100% sna tástálacha go léir a rinneadh in 2013, agus bhí siad sa 5% is airde de na saotharlanna a ndearnadh suirbhéireacht orthu.

Ós rud é gur áis náisiúnta tástála í an tSaotharlann Ghrúpála Uathoibrithe Deontóirí, tá plean tástála seachtraí ag SFÉ le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hAlban ar eagla go dteipfeadh go tubaisteach ar na meaisíní ar an láthair. Déantar an plean teagmhasachta a thástáil ceithre huaire in aghaidh na bliana (3 huaire san aer agus uair amháin ar an bhfarraige) trí cheithre shampla is fiche a sheoladh le bheith tástáilte. Tástáladh an teagmhasacht in 2013 agus bhí dea-thorthaí air seo, agus níor ghá an plean seo a ghníomhachtú i bhfíorchás ó cruinníodh an tástáil san Ionad Náisiúnta Fola in 2010.

# An tSaotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TÁN)

## An tSaotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TÁN)

Tá sí seo suite ag an INF agus cuireann sí tástáil náisiúnta mhóilíneach ar dheonacháin fola ó gach ionad de SFÉ ar fáil. Braitheann TÁN leibhéil thar a bheith íseal de RNA/ADN víreasach a bhfuil an seans ann nach mbeidís braite trí na measúnuithe reatha formheasta séireolaíocha i rith na gcéimeanna is luaithe d'ionfhabhtú, is é sin, tréimhse na fuinneoige réamh-shéireachomhshó.

Déanann an tsaotharlann TAN Deonadh Aonair (DA)-TAN le hardán Tigris i gcomhar le measúnacht Ultrio Plus HIV-1/HCV/HBV. Is córas dúnta atá go hiomlán uathoibrithe í uirlis Tigris do thástáil TAN ar dheonacháin aonair le measúnú Procleix Ultrio Plus. Is measúnú ilphléacsach Ollmhéadaithe trí Mheán Tras-scríofa (OMT) é measúnú Procleix Ultrio Plus chun Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna Chineál 1 (HIV-1) RNA, víreas Heipitíteas C (VHC) RNA agus víreas Heipitíteas B (VHB) DNA a bhrath i bplasma daonna. Bhí measúnú Ultrio Elite tugtha isteach ag Novartis Vaccines and Diagnostics mar mheasúnú tríshrathach tríú glúin chun íogaire maidir le brath RNA VEID chineál 2 i gcóras Panther na chéad ghlúine eile a chur san áireamh go sonrach. Bhí measúnú Ultrio Elite i gcóras Panther tugtha isteach i scagthástáil rialta TAN ar dheontóirí SFÉ ar 16 Nollaig 2013 le dul in áit mheasúnú Ultrio Plus i gcóras Tigris.

Bhí cinneadh déanta ag SFÉ tástáil roghnach deontóirí fola a chur i bhfeidhm le haghaidh RNA Víreas na Níle Thiar (VNT) sa tsaotharlann TAN ó 2 Meán Fómhair 2013. Braitheann measúnú Procleix le haghaidh Víreas na Níle Thiar (VNT) RNA VNT leibhéil ísil go hiontaofa i ndeonacháin fola trí ardán Tigris. Sular tugadh seo isteach, cuireadh siar deonadh fola na ndaoine sin a thaistil go háit i mbaol VNT le 28 lá anuas. Tugadh isteach tástáil roghnach deonacháin fola le haghaidh VNT mar mhalairt ar an gcur siar geografach deontóirí 28 lá ó 1 Meán Fómhair go 13 Nollaig 2013.

Coinnítear sampla cartlainne i gcás gach deonacháin. Tástáladh gach deonachán a bailíodh in 2013 sa tsaotharlann, agus níor ghá an plean tástála Teagmhasachta Seachtraí atá ag SFÉ le Seirbhís Fuilaistriúcháin Náisiúnta na hAlban (SFNA) a chur i bhfeidhm.

Cinntíonn Rialú Cáilíochta Tástála TAN monatóireacht chruinn ar leochaileacht anailíseach agus in-atáirgtheacht ó thaobh measúnú scagthástála fola TAN de. Úsáidtear samplaí Rialaithe Sheachtraigh Cáilíochta (RSCanna) chomh maith chun monatóireacht a dhéanamh ar oilteacht agus comhsheasmhacht theicniúil in íogaire baisceanna imoibrithe. Cuimsíonn measúnuithe Novartis Procleix Calabróirí (Diúltach, HIV, HCV, HBV), Rialúcháin Braicéid (Diúltach, HIV-1, HCV, HBV- Tigris amháin) agus Rialú Inmheánach (RI). Cuirtear RI le gach sampla tástála trí Imoibrí oibríoch Gabhála Sprice a chur leis (IoGS). Úsáidtear RI chun próiseáil samplaí, aimpliú agus céimeanna braite a rialú, agus úsáidtear é le cinntiú go bhfuil gach próiseas tástála déantúsóra á n-oibriú i gceart. Úsáidtear Rialúcháin Braicéid Tigris tar éis do thástáil a bheith déanta ar gach 100 sampla i ngach aon liosta oibre. Caithfidh sonraí calabróra cloí le sonraíochtaí measúnachta. Tar éis do chóras Panther a bheith curtha i bhfeidhm, níl aon ghá le rialúcháin braicéid le haghaidh feidhmíocht mheasúnachta a thuilleadh.

Ligeann comparáidí idir saotharlanna le bogearraí EDCNet (An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha agus Séireolaíochta, SNT, an Astráil, www.nrlqa.net) agus rannpháirtíocht i Scéimeanna Seachtracha Dearbhaithe Cáilíochta (SSDC) in 2013 dúinn athbhreithniú piaraí a dhéanamh le húsáideoirí eile Tigris/Ultrio Plus agus WNV ar fud an domhain. Tá saotharlann TAN tiomanta d'fheabhsú leanúnach ar phróiseas TAN, mar a bhí léirithe ag cur i bhfeidhm gníomhartha Ceartaitheacha agus Coisctheacha mar thoradh ar Thuairiscí Teagmhas Cáilíochta agus tuairiscí Iniúchóireachta Inmheánaí.

# Seirbhísí Eile



# An Banc Fíochán

## An Banc Fíochán

Cuimsíonn an Banc Fíocháin ag an INF an Banc Náisiúnta Súl, an banc Comhlaí Croí agus an Banc Fuil Srincní Stiúrtha / Siblíneach, agus tá sé ceadúnaithe faoin Treoir maidir le Fíochán agus Cealla 2004/23/EC, rud a shocraíonn caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta le haghaidh deonadh, soláthar, tástáil, próiseáil, caomhnú, stóráil agus dáileadh fiocháin agus ceall daonna.

Tá an banc freagrach as fíochán daonna a úsáidtear i máinliacht oftalmach go náisiúnta a dháileadh. Ar na táirgí a chuirtear ar fáil, tá coirní, do ghnáthaimh DSAEK agus PK araon, scléara, aimnian, peireacairdiam agus fascia lata. Allmhairítear na táirgí seo go léir ó SAM. Cuireann SFÉ braonta súl séirim uathlógaigh ar fáil d'othair a bhfuil fadhb mhór acu le súile tirime chomh maith tar éis di iarratas a fháil ó oftailmeolaí. Bíonn próiseáil thánaisteach á déanamh ar na braonta ag an SNF i Speke, Learpholl. Bhí laghdú 9% ar líon na n-allmhairí coirní i gcomparáid le 2012, ach bhí allmhairiú na dtáirgí súilí eile go léir mórán mar an gcéanna le figiúirí 2012.

Sa ráithe dheireanach de 2013, seoladh iarratas chuig Bord Leigheasra na hÉireann, faoin Treoir maidir le Táirgí Leigheasacha Ard-Teiripe le ligean dúinn gaschealla saothraithe liombacha a thairiscint d'othair a bhfuil easnamh gascheall liombach orthu. Tá sé beartaithe go mbeidh an chóireáil seo ar fáil d'othair na hÉireann in 2014.

Fuair Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae a gceadúnas bunaithe fíocháin in 2013 faoi Threoir 2004/23/EC maidir le Fíochán agus Cealla.
Is conraitheoirí tríú páirtí é SFÉ ag OOMM le haghaidh próiseáil, crió-chaomhnú, agus dáileadh fíocháin dhaonna chardashoithigh. Bhí leibhéil ghníomhaíochta 2013 ar aon dul le leibhéil 2012.

Bailíonn an Banc Fola Stiúrtha/Corda Siblíneach fuil chorda ar iarratas na foirne oinceolaíochta/haemaiteolaíochta in OLCHC agus in Newcastle agus déanann siad í a chrió-chaomhnú.

**Cuimsíonn an Banc Fíocháin ag an INF an Banc Náisiúnta Súl, an banc Comhlaí Croí agus an Banc Fuil Srincní Stiúrtha / Siblíneach."**


# An tSeirbhís Aifiréise Teiripí

Cuireann IRAFM cóireáil Aifiréise Teiripí ar fáil d'othair in ospidéil i gCorcaigh ag Ospidéal Ollscoile Chorcaí, Ospidéal Ollscoile na Trócaire agus Ospidéal Bon Secours. Is seirbhís phoiblí líne thosaigh é seo. Cuirtear an chóireáil seo ar fáil ar iarratas ó chomhairleach ospidéil an othair. Bíonn an tseirbhís á stiúradh ag an éileamh, rud a chiallaíonn go mbíonn leibhéil éagsúla ghníomhaíochta i gceist. Déantar an chóireáil go léir i suíomh ospidéal géarmhíochaine. Déantar gnáthaimh aifiréise ar othair a bhfuil neamhoird neamhchoitianta orthu, agus iad bagrach don bheatha go minic, ó réimse leathan speisialtachtaí amhail Haemaiteolaíocht, Duánach, Néareolaíocht agus Heipiteolaíocht. Is minic go mbíonn na cásanna éiritheacha agus práinneacha an-bhreoite agus iad i mbardaí ardspleáchais, fad is atá módúlachtaí eile cóireála nó dian-imscrúduithe á ndéanamh orthu.

Stiúrann Haemaiteolaí Comhairleach IRAFM an tseirbhís agus bíonn measúnú leighis ar gach othar déanta ag an Haemaiteolaí / foireann leighis Speisialtóra. Tá an Fhoireann Aifiréise á stiúradh ag Oifigeach Leighis Speisialtóra a dhéanann gnáthaimh in éineacht le haltra speisialtóra le teicneolaíocht deighilte ceall. Bíonn Malartú Plasma i gceist leis an gcuid is mó de na gnáthaimh aifiréise teiripí, ach bíonn cóireáil eile i gceist chomh maith amhail Leocalaghdú. Tá an cleachtas á threorú ag treoirlínte agus táscairí cóireála an Chumainn Mheiriceánaigh Aifiréise (CMA - 2013).

Chuir IRAFM tús leis an tSeirbhís seo in 1985 tar éis don chéad teicneolaíocht a bheith ceannaithe ag Cumann Ailse na hÉireann. Thacaigh an Haemonetics 30 seo leis an tSeirbhís ar feadh blianta fada, go dtí go ndearnadh uasghrádú go Haemonetics 50 agus MCS + ina dhiaidh sin. Tugadh Córas Aifiréise Spectra Optia isteach ag tús 2013. Ligeann an feidhmchlár seo do roinnt feidhmchlár éagsúil oibriú, agus laghdaíonn an córas srutha leanúnaigh an t-am gnáthaimh.

**Éileamh ar an tseirbhís ó 2011 - 2013, de réir míosa.**




### Treochtaí Éileamh Seirbhíse

Tá an treocht éileamh Seirbhíse le blianta beaga anuas agus inathraitheacht an éilimh Seirbhíse léirithe thíos.

### Soláthar Seirbhíse Deireadh Seachtaine / Iar-Ama

Tá cead ag othair cúram éigeandála a lorg taobh amuigh de na gnáthuaireanta, nó d'fhéadfadh a gclár cóireála síneadh ar feadh tréimhse deireadh seachtaine. Tá an t-éileamh seo ar an tSeirbhís léirithe thíos.


## Soláthar seirbhíse deireadh seachtaine / iar-ama de réir Ráithe in 2013




### Próifíl Seirbhíse de réir Speisialtacht Galar, Othar agus Gnáthaimh


Tá éileamh na Speisialtachtaí Cliniciúla ar an tSeirbhís léirithe thíos.

## Othair de réir Speisialtachta in 2013



# An tSeirbhís Aifiréise Teiripí


## Gnáthamh de réir Speisialtachta in 2013




### Soláthar Seirbhíse de réir Ospidéil, Othair agus Nósanna Imeachta

Tá an t-éileamh ar an tSeirbhís ó ospidéil i gCorcaigh sonraithe thíos.


## Soláthar Seirbhíse de réir Ospidéil, Othair agus Gnáthamh - 2013




### Soláthar Seirbhíse de réir Oiread na Práinne

D'fhéadfadh Aifiréis Theiripeach a bheith mar chuid den fhreagra práinneach cliniciúil ar othair a úsáideann an tSeirbhís Sláinte uaireanta, i gcás go bhféadfadh aifiréis luath tionchar a imirt ar thoradh na breoiteachta atá á chur i láthair. Tá na gnáthaimh a rinneadh in 2013 catagóirithe maidir leis an oiread práinne a bhain le soláthar na Seirbhíse.

## Gnáthaimh de réir Oiread Práinne - 2013




### Soláthar Seirbhíse de réir tháscairí cóireála treoirlíne an CMA


Tá treoirlínte cleachtais an CMA bunaithe ar fhianaise ar cháilíocht na fianaise tacúla agus neart an mholta a ndearnadh mar gheall ar an bhfianaise sin. Foilsíodh Treoirlínte Athmheasta in 2013.

**Catagóir 1** – Teiripe céadlíne, ina haonar nó i gcomhar le modhanna cóireála eile.
**Catagóir 2** – Teiripe dara líne, ina haonar nó i gcomhar le modhanna cóireála eile.
**Catagóir 3** – Níl ról barrmhaith na hAifiréise dearbhaithe – Cinneadh indibhidiúlaithe.
**Catagóir 4** – Léiríonn an fhianaise go bhfuil Aifiréis Theiripeach neamhéifeachtach

Tá na gnáthaimh a rinneadh in 2013 catagóirithe de réir threoirlíne an CMA thíos.

### Gnáthaimh Aifiréise Teiripí de réir Threoirlíne an CMA

## Soláthar Seirbhíse de réir Chatagóir Treoirlíne an CMA - 2013



# An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH)

Déantar haemafhaireachas chun eolas a bhailiú agus a mheasúnú ar éifeachtaí gan choinne nó nach bhfuil inmhianaithe mar gheall ar aistriú fola, agus stop a chur leo. Tá an haemafhaireachas in Éirinn á chomhordú ag an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH), rud atá suite i SFÉ agus sna 13 bliana ó bunaíodh í (2000-2013), tuairiscíodh iomlán 3,853 frithghníomh agus teagmhas trom díobhálach aistrithe fola faoi am scríofa na tuarascála seo. Déanann an ONH idirchaidreamh le, agus tacaíonn sé leis na hOifigigh Haemafhaireachais (OH) atá bunaithe sna hospidéil ar fud na hÉireann, agus leis na Comhairligh Leighis a bhfuil freagrachtaí haemafhaireachais orthu. Anuas air sin, coinníonn an ONH naisc le comhghleacaithe go hidirnáisiúnta, tríd an Líonra Idirnáisiúnta Haemafhaireachais, agus tríd an Líonra le haghaidh Aistriú Fola Níos Fearr. Chuaigh an Dr. Ian Franklin ar scor i mbliana, fear a bhí mar Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch BTÉ, chomh maith le bheith mar Stiúrthóir an ONH. Ceapadh an Dr. Sorcha Ní Loingsigh mar Stiúrthóir Gníomhach ina dhiaidh sin.

## Teagmhais Throma Dhíobhálacha (TTDanna) - éigeantacha agus neamh-éigeantacha

Rinne an ONH athbhreithniú agus ghlac sí le TTDanna éigeantacha maidir le cáilíocht agus sábháilteacht fola faoi Threoir 2002/98/EC an AE maidir le Fuil, in éineacht le TTDanna neamh-éigeantacha a bhaineann le gné chliniciúil an aistrithe fola. Tháinig na tuairiscí seo ó fhorais fola, bainc agus áiseanna fola d'ospidéil. Tuairiscíodh céad seasca is a seacht TTD éigeantach, agus b'ionann seo agus 67% de na TTDanna go léir. Anuas air sin, tuairiscíodh 81 TTD neamh-éigeantach, agus iad ag baint go príomha le hearráidí i réimsí cliniciúla, faoi fhreagrach ghairmiúil, agus b'ionann seo agus 33% de na TTDanna go léir.

## Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (FTDanna) - éigeantacha agus neamh-éigeantacha

Bhí méadú mór ar líon foriomlán na FTDanna glactha, ó 137 sa bhliain roimhe sin go 256 in 2013. Is féidir an Treocht seo a mhíniú sa chaoi gur thosaigh an ONH ag glacadh le tuairiscí ar Fhrithghníomhartha Moillithe Aistrithe Shéireolaíoch. I gcodarsnacht leis sin, bhí laghdú suntasach ar líon na TTDanna éigeantacha go 76/256 ón 131 tuairisc ar glacadh leo in 2012. Luaitear seo le hathruithe ar na riachtanais tuairiscithe éigeantaigh atá ag an gCoimisiún Eorpach.

## Fógra Bliantúil faoi Fhrithghníomhartha agus Teagmhais Thromchúiseacha Dhíobhálacha (FBFTTD)

Ar mhaithe le cloí le Treoir 2005/61/ EC Aguisín II D agus III C ón gCoimisiún, caithfidh gach ospidéal a bhíonn ag aistriú fola agus gach foras fola FBFTTD a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an ONH. Bhí dhá chéad daichead is a trí tuairisc éigeantach glactha ag an ONH in 2012, agus tá tiomsú thuarascáil FBFTTD 2013 ar siúl go fóill ag am scríofa na tuarascála seo.

## Comhdháil Bhliantúil an ONH

Bhí Comhdháil Bhliantúil an ONH ar siúl in Óstán an Hilton i mBaile Átha Cliath Dé Máirt 12 Samhain, agus bhí beagán os cionn 220 toscaire ó dhisciplíní éagsúla ag freastal uirthi. Ba é téama na comhdhála, rud a bhí oscailte ag an Uas. Andrew Kelly, Príomhfheidhmeannach SFÉ, ná 'Tacú leis an gCleachtas Cuí Aistrithe Fola'. Bhí triúr príomhchainteoirí ann: Labhair an Dr. Lise Estcourt, Haemaiteolaí Comhairleach, ar thorthaí taighde staidéir a baineadh amach le déanaí maidir le pláitíní, labhair an tOllamh Ian Roberts, Ollamh Eipidéimeolaíochta agus Sláinte Poiblí ar úsáid Aigéid Tranexamic i gcur fola mór agus ceachtanna ó Thriail CRASH-2, agus labhair an Dr. Deirdre Madden, Léachtóir Sinsearach Dlí ar thoiliú eolach othair le haghaidh aistriú fola. Chuir foireann an ONH torthaí agus príomh-mholtaí anailís na dtuarascálacha ar glacadh leo i rith 2012 i láthair, agus rinne roinnt den fhoireann ospidéil cur i láthair póstaer.

## Bord Leigheasra na hÉireann (BLÉ)

Is é BLÉ an t-údarás inniúil chun gach réimse de Threoir Fola an AE a chur i bhfeidhm, agus mar a tharla i mblianta roimhe seo, tionóladh cruinnithe rialta athbhreithnithe cásanna leis an ONH chun teagmhais a tuairiscíodh a phlé.

## Oideachas, cur chun cinn agus forbairtí

Tacaíonn an ONH le forbairt leanúnach cláir oiliúna inseirbhíse in ospidéil trí obair go dlúth le OHanna atá bunaithe in ospidéil. Agus é ag cloí lena shainordú tacú le foireann atá sna hospidéil, chuir an ONH tús le sraith Ceardlanna Réigiúnacha lae amháin, agus táthar le leanúint den tionscnamh seo i rith 2014. Tionscnaimh Oideachais faoi Haemafhaireachas ag OCBÁC

Mar thoradh ar athruithe eacnamaíocha le déanaí in Éirinn agus tar éis suirbhé a rinneadh in 2011, rinneadh athmheas ar fhormáid na modúl iarchéime a bhíonn éascaithe ag an ONH i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Soláthraíodh modúl aonair 10 gcreidmheas in Aibreán agus Deireadh Fómhair do 24 mac léinn ó dhisciplíní éagsúla atá ag obair i gcleachtas an aistrithe fola.

## Ríomhfhoghlaim

Lean SFÉ de cheadúnú agus soláthar clár ríomhfhoghlama 'Learnbloodtransfusion' d'ospidéil trí LearnProNHS. Bhí an clár seo forbartha ag Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na hAlban, agus chuir an ONH agus SFÉ ábhar eagarthóra leis. Cuireadh físeán ar shampláil shábháilte le haghaidh aistriú leis in 2013, agus tosaíodh an obair ar ábhar an chláir a oiriúnú chun teacht air ar ghléasanna 'Meán Cliste' a éascú. Tá nócha is a ceathair suíomh Éireannach cláraithe sa chlár. Cuimsíonn sé seo foireann ospidéil agus fochéimithe cúram sláinte in ollscoileanna áirithe atá ag gabháil do na modúil mar riachtanas cúrsa éigeantaigh. Nuair a bhí sé seo á scríobh, bhí beagán os cionn 20,000 úsáideoir cláraithe, bhí 55% acu ina n-altraí, 24% mar fhoireann leighis agus an 21% a bhí fágtha ina n-eolaithe leighis, fleibeatóimithe, póirtéirí agus mic léinn.

# Clár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ)

Is teiripe tarrthála é trasphlandú cealla sinsir fuilghinte d'othair áirithe a bhfuil leocéimí, siondróim theipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ó bhroinn ar leith orthu. I gcás líon mór na n-othar nach bhfuil an rogha tosaíochta acu siblíneach atá comhoiriúnach go hiomlán a úsáid, cuireann deontóir neamhghaolmhar amháin as an 23 milliún deontóir deonach atá ar fud an domhain rogha oiriúnach ar fáil.

Bunaíodh Clár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ) in 1989 le freastal ar an ngá atá le deontóirí cealla sinsir fhuilghinte d'othair in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Ó 2001, bíonn gach deontóir atá cláraithe ar an bpainéal neamhghaolmhar tíopáilte go heisiach trí mhodhanna ADN (DNA) ag an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Imdhíoneolaíochta Histea-chomhoiriúnachta (SNTIH).

Tá an clár ceadúnaithe ag Bord Leigheasra na hÉireann faoi Threoir Fíocháin 2004/23/EC an AE.


## Creidiúnú Idirnáisiúnta

Ó 1991, tá CSNÉ cleamhnaithe le Cumann Deontóirí Smeara an Domhain (CDSD), eagraíocht a shocraíonn caighdeáin oibriúcháin do chláir smeara ar fud an domhain. Bronnadh creidiúnú iomlán cláir ar CSNÉ in 2012.

## Gníomhaíochtaí Náisiúnta

Cuardaíonn an clár deontóirí oiriúnacha ar phainéal na hÉireann agus ó Dheontóirí Smeara ar fud an Domhain (DSD) ar son Ionaid Trasphlandaithe na hÉireann ag Ospidéal San Séamas (OSS) agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Croimghlinn (OML). Atreoraíodh caoga is a hocht (58) othar chuig CSNÉ in 2013 le haghaidh cuardaigh neamhghaolmhara.

### Trasphlanduithe CSNÉ Éascaithe le Deontóirí Éireannacha agus Idirnáisiúnta d'Othair Éireannacha agus Idirnáisiúnta, 2003 - 2013




Fuair daichead (40) othar Éireannach gaschealla ó dheontóir neamhghaolmhar in 2013. Ó dheontóirí idirnáisiúnta a fuarthas an chuid ba mhó acu (28), ach bhí méadú suntasach i gceist i gcomparáid le blianta roimhe sin nuair a rinneadh trasphlandú ar dháréag othar le gaschealla a bailíodh ó dheontóirí Éireannacha.

## Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Fuarthas réamhchuardaigh ar son trí chéad is a sé déag othar idirnáisiúnta (316), agus gníomhachtaíodh caoga is a cúig (55) acu sin le haghaidh iarratais tíopála breise.

## Deontóirí na hÉireann

Bíonn deontóirí smeara earcaithe ag an altra earcaíochta smeara ag clinicí deonaithe fola dhá lá in aghaidh na seachtaine. Ba é líon na ndeontóirí nua-earcaithe in 2013 ná 770. Fuarthas trí dheonachán déag (13) ó dheontóirí Éireannacha, agus ba bhailiúcháin gaschealla fola imeallacha iad deich (10) gcinn acu, agus bhí smior i gceist le trí cinn acu.




# Cáilíocht agus Cloí

**“Bhí sé mar phríomhfhócas leanúnach in 2013 díriú ar shrianú agus laghdú costais, ach is é príomhsprioc na feidhme Cáilíochta ná Caighdeáin Cháilíochta agus an leibhéal sábháilteachta is airde de sholáthar seirbhíse a chinntiú chomh maith.”**

# Cáilíocht agus Cloí

Leanadh de chur i bhfeidhm mholtaí an Athbhreithnithe ar Cháilíocht. Tá an ceapachán buan chuig post an Bhainisteora Dearbhaithe Cáilíochta i Samhain 2013 tar éis an tAonad Dearbhaithe Cáilíochta a chobhsú, agus cumasóidh sé soláthar Mholtaí an Athbhreithnithe Cáilíochta in 2014.

Bhí sé mar phríomhfhócas leanúnach in 2013 díriú ar shrianú agus laghdú costais, ach is é príomhsprioc na feidhme Cáilíochta ná Caighdeáin Cháilíochta agus an leibhéal sábháilteachta is airde de sholáthar seirbhíse a chinntiú chomh maith.

Rinne BLÉ na hiniúchtaí bliantúla rialaitheacha ar Fhorais Fola, agus rinneadh dhá bhabhta cigireachta ar Fhíochán chomh maith. Rinne BLÉ iomlán naoi mbabhta cigireachta. Rinneadh ceann amháin chun cloí le riachtanais Dea-Chleachtas Dáileacháin (Corcaigh) a mheasúnú, dhá cheann a chuimsigh na gníomhaíochtaí Fíocháin agus Smeara/Fuil Corda san INF, agus sé bhabhta cigireachta faoi chlárú na bhForas Fola a chuimsigh príomh-ionad an INF, ionad próiseála Chorcaí agus clinicí gaolmhara. Níor tugadh aon neamhchloí mór faoi deara i rith na cigireachta seo agus 31 cás faireachais eile.

Comhlíonadh sprioc na bliana, is é sin, < 1 cheann amháin mór in aghaidh na bliana ar an meán.

Cuireadh an clár iniúchóireachta inmheánach DC i gcrích trí roinnt saineolais sheachtraigh a úsáid le haghaidh 2013, agus rinneadh iomlán 45 iniúchadh roinne ar leith i rith na bliana.

Críochnaíodh clár iniúchtaí chomh maith ar ghníomhaíochtaí ospidéil ina bhfuil SFÉ ag gníomhú mar bhanc fola an ospidéil. Chuimsigh siad seo na sé shuíomh i mBaile Átha Cliath agus trí shuíomh i gCorcaigh.

Rinneadh trí iniúchadh díoltóra in 2013 ar sholáthraithe ríthábhachtacha. Rinneadh ceann amháin i gcomhar le FTSNS sa RA mar thoradh ar bhronnadh tairisceana le haghaidh Málaí Fola.

Rinneadh tuairisciú méadrachtaí cáilíochta don FBF agus do Bhord SFÉ go ráithiúil san fhormáid nua. Beidh spriocanna socraithe le haghaidh 2014 mar thoradh ar fheidhmíocht 2013.

Bhain an Córas Tuairiscithe Teagmhas Inmheánach leas in 2013 as fócas soiléir agus athbhreithniú rialta ar rátaí críochnaithe. Choinnigh tabhairt isteach an Athbhreithnithe sheachtainiúil Bainistíochta Cáilíochta an fócas, rud a chiallaigh go raibh ráta críochnaithe 92% i gceist faoi dheireadh na bliana.

Bailíodh, imscrúdaíodh agus críochnaíodh gearáin faoi Sheirbhís na nDeontóirí i gcomhréir leis na spriocanna socraithe agus d'éirigh linn ráta críochnaithe 99% a bhaint amach faoi dheireadh na bliana.


Tá Córas Láimhseála Gearán thar a bheith gníomhach ag SFÉ chomh maith, trína dtaisceann ospidéil sonraí faoi ghearáin seirbhíse/faoi tháirgí, agus imscrúdaíonn SFÉ iad seo ina dhiaidh sin. B'ionann an críochnú faoi dheireadh na bliana agus 90%, méid a chloígh leis an sprioc.

Tá faireachas iar-mhargaíochta á dhéanamh ag SFÉ chomh maith trí Theagmhais Throma Dhíobhálacha (TTDanna) agus Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (FTDanna) a thaifeadadh. Thuairiscigh SFÉ 85 TTD agus 63 FTD don Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais in 2013.

Tá na sonraí seo sa Tuarascáil Bhliantúil a sheol SFÉ chuig BLÉ i bhFeabhra 2014.

Anuas air sin, bailíonn córas Faireachais Deontóirí teagmhais a bhaineann le deontóirí (clinicí), agus tuairiscíodh 414 acu seo in 2013.

# Acmhainní Daonna



**“Lean an Rannóg Acmhainní Daonna de dhíriú ar straitéisí inmheánacha acmhainní daonna a fheabhsú, le cinntiú go gcuirtear ar chumas na foirne freastal ar riachtanais na ndeontóirí agus na n-othar a bhíonn againn i rith na bliana.”**

# Acmhainní Daonna

Lean an Rannóg Acmhainní Daonna de dhíriú ar straitéisí inmheánacha acmhainní daonna a fheabhsú, le cinntiú go gcuirtear ar chumas na foirne freastal ar riachtanais na ndeontóirí agus na n-othar a bhíonn againn i rith na bliana, agus spriocanna gaolmhara straitéiseacha a bhaint amach, mar atá mínithe ar an gCárta Scórála Cothroime. Tháinig tionscadail shuntasacha bhainistíochta athruithe ar an bhfód san eagraíocht in 2013, agus tosaíodh próiseas athstruchtúraithe sa rannóg acmhainní daonna mar thoradh ar acmhainní laghdaitheacha de bharr laghdú nádúrtha.

## Tionscadail Bainistíochta Athruithe

Is é cuspóir bhainistíocht athruithe SFÉ go fóill ná feabhsú a dhéanamh ar fhorbairt an tsoláthair seirbhíse dár n-othair agus dár ndeontóirí. Táimid tiomanta don chlár oibre níos leithne um athchóiriú na seirbhíse sláinte de réir Chomhaontú reatha na Seirbhíse Poiblí agus bainistíocht inmheánach straitéiseach feidhmíochta. Is tosaíocht leanúnach í seo do bhainistíocht acmhainní daonna.

Seo a leanas stádas roinnt tionscadal:

- **Próiseáil in Aon Suíomh Amháin**
  Rinne Bord SFÉ cinneadh straitéiseach i Samhain 2013, agus é molta ag an bhFoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin (FBF) athrú go Próiseáil in Aon Suíomh Amháin agus soláthar malartach Sheirbhísí Diagnóiseacha SFÉ a fhiosrú.
- **Athbhreithniú ar Sheirbhísí Iompair**
  Chuir SFÉ tús le próiseas cuimsitheach comhairliúcháin lenár rannóg iompair, chun éifeachtúlacht éigeantach a bhaint amach, go háirithe maidir le hathruithe ar chóras uainchláir uaireanta carntha agus aistriú seirbhísí soláthair chuig FSS.
- **Aifiréis Theiripeach**
  Comhaontaíodh an tseirbhís seo a athlonnú in Ospidéal San Séamas, agus beirt bhall d'fhoireann SFÉ a ath-imlonnú/a thabhairt ar iasacht ag an ospidéal sin, chomh maith le duine amháin eile a ath-imlonnú go hinmheánach.
- **Róta Náisiúnta na gComhairleach Leighis**
  Bhí comhairliúchán oscailte le Comhairligh Leighis SFÉ chun an dá uainchlár réigiúnacha a chumasc ina uainchlár amháin náisiúnta ar siúl go leanúnach ag deireadh na bliana, ar mhaithe le hacmhainní níos mó a chur ar fáil go náisiúnta do SFÉ.
- **Comhaontú Bhóthar Haddington**
  Bhí sé mar thoradh ar chur i bhfeidhm Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí, 2013 - 2016, rud ar a dtugtar Comhaontú Bhóthar Haddington, bhí sé mar thoradh air gur baineadh amach athrú agus éifeachtúlacht mhór ionad oibre i SFÉ, go háirithe:
  - Ciorruithe Tuarastail
  - Méadú ar Uaireanta
  - Cur Siar Breisíochtaí
  - Laghdú ar an tSaoire Bhliantúil / Asbhaint Ghaolmhar Thuarastail
  - Teagmháil leis an Roinn Sláinte ar ath-imlonnú i FSS

# Acmhainní Daonna

## Oiliúint agus Forbairt Chorparáideach

Ba iad na príomhréimsí ar a raibh Oiliúint agus Forbairt Chorparáideach dírithe in 2013 ná:

- Oiliúint TS&S do bhainisteoirí agus don fhoireann
- Oiliúint Scileanna Bainisteoirí

| Cláir Oiliúna agus Forbartha Corparáidí | Líon Iomlán an Lucht Freastail |
|---|---|
| **Clár Insealbhaithe Corparáideach** | 58 |
| **Cláir Oiliúna TS&S, lena n-áirítear** | |
| 1. Láimhseáil | 135 |
| 2. Deontóir - Láimhseáil | 127 |
| 3. Sábháilteacht Dóiteáin | 119 |
| 4. Maor Dóiteáin | 17 |
| 5. Nochtadh Ceirde d'Fhuil | 120 |
| 6. Measúnú Riosca Cheimicigh | 15 |
| 7. Freagra Éigeandála agus Oiliúint ar Aslonnú sa Chlinic agus san Fhoirgneamh | 98 |
| 8. Ionadaí Sláinte agus Sábháilteachta | 16 |
| 9. Sábháilteacht Saotharlainne | 40 |
| 10. Tuairisciú Timpistí agus Teagmhas | 13 |
| 11. CTFF | 114 |
| 12. Oiliúint ar Shábháilteacht Radaíochta | 58 |
| 13. Sláinte agus Sábháilteacht Timpeallachta | 28 |
| **Forbairt Bainistíochta**<br>Scileanna Cumarsáide, Réiteach Coinbhleachta, Bainistíocht Daoine, Seirbhís do Chustaiméirí agus Cumarsáid atá Dírithe ar Chliaint | 69 |

## Scéim Chuidithe Oideachais SFÉ

Tugadh cúnamh airgeadais le haghaidh oideachas breise i réimse disciplíní éagsúla, lenar áiríodh Altranas, Eolaíocht Saotharlainne, Bainistíocht Cáilíochta agus Forbairt Bainistíochta

- 14 iarratas nua in 2013

## Tionscadail Leanúnacha

- Clár Tomhais agus Forbartha Feidhmíochta (CTFF)
- Pleanáil Chomhleantachta
- Nuachtlitir Foirne, Cothabháil Inlín agus Cumarsáid Inmheánach

## Timpeallacht, Sláinte agus Sábháilteacht

Tá tábhacht straitéiseach le Timpeallacht, Sláinte agus Sábháilteacht san eagraíocht, agus leantar de chláir chuimsitheacha timpeallachta maidir le sláinte, sábháilteachta agus leas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Cabhraíonn a leithéid de chláir le cloí reachtúil agus leanann siad d'fheasacht a chur chun cinn ar an timpeallacht, sláinte agus sábháilteacht san eagraíocht.

Bhí an fócas Timpeallachta, Sláinte agus Sábháilteachta in 2013 dírithe ar athmheas na bpríomhpholasaithe creata agus treoirlíne, mar seo a leanas:

- Athmheas agus nuashonrú Ráiteas Náisiúnta SFÉ um Shábháilteacht Tuismitheoirí leis an oiliúint bhainteach
- Athmheas agus nuashonrú Phlean Náisiúnta SFÉ um Fhreagra Éigeandála (Clinicí Soghluaiste) agus oiliúint bhainteach
- Athmheas agus nuashonrú Lámhleabhar Náisiúnta SFÉ um Shábháilteacht Radaíochta leis an oiliúint bhainteach.

# Airgeadas

| Cuntais Achoimre na bliana dar críoch 31 Nollaig 2013 | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam athfhillteach | 65.269 | 78,542 |
| Ioncam neamh-athfhillteach | 1,204 | 3,208 |
| **Ioncam iomlán** | **66,473** | **81,750** |
| **Caiteachas** | | |
| **Caiteachas iomlán** | **67,928** | **79,212** |
| Barrachas / (Easnamh) na bliana | (1,455) | 2,538 |
| Gnóthachan / (caillteanas) achtúireach ón scéim pinsean | 8,245 | (12,504) |
| Aistriú go Cúlchistí Caipitil | (241) | (343) |
| Aistriú go dtí an Cúlchiste Taighde | (36) | (56) |
| Easnamh Carnach ar 1 Eanáir | (15,401) | (5,036) |
| Easnamh Carnach ar 31 Nollaig | **(8,888)** | **(15,401)** |

## Ioncam

Déantar anailís ar an €66.47 milliún (2012 €81.75 milliún) a bhí mar ioncam iomlán ag an mBord in 2013 mar ioncam athfhillteach agus neamh-athfhillteach. Is ionann ioncam athfhillteach agus ioncam €65.27 milliún (2012 €78.54 milliún) a fuarthas ó tháirgí agus seirbhísí a chuirtear ar fáil d'ospidéil. Cuimsíonn ioncam neamhfhillteach €1.20 milliún (2012 €3.20 milliún) ús ar thaiscí bainc agus fáltais ó dhíolacháin sócmhainní seasta. Is ionann an laghdú ar ioncam agus méideanna laghdaithe agus an laghdú ar Ioncam Deontais ó FSS.

## Caiteachas

B'ionann caiteachas 2013 agus €67.93 milliún (2012 €79.21 milliún). Tá an laghdú ar chaiteachas ann go príomha mar gheall ar chlár leanúnach laghdaithe costais SFÉ, rud a bhí curtha i bhfeidhm ag an mBord in 2009.

Déanann an Bord cuntas ar phinsin i gcomhréir le caighdeán tuairiscithe airgeadais 17 'Sochair Scoir' (CTA 17).

## Cúlchistí

Tá cúlchiste caipitil ag an mBord chun áiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Aistríodh

€2 mhilliún go dtí an ciste in 2009. Ba é iarmhéid chiste na bliana dar críoch 31 Nollaig 2013 ná €8.27 milliún.

Bhunaigh an Bord cúlchiste taighde in 2006. Cuireadh €36,000 leis an gcúlchiste in 2013. (Cuireadh €56,000 leis an gcúlchiste in 2012).

## Caiteachas Caipitiúil

D'infheistigh an Bord €3.01 milliún i dtionscadail chaipitiúla agus trealamh i rith 2013 (€1.95 milliún in 2012).

Chuimsigh na príomh-infheistíochtaí i rith na bliana tosú caiteachais ar Ríomhchórais nua Bunaithe Fola (RBF), athsholáthar trealamh aifiréise teiripí agus uasghrádú eFinancials.

Bhí caiteachas athfhillteach ar athsholáthar bonneagar TFC i gceist, lenar áiríodh an tEagar Stórais, saotharlann, gléasra agus trealamh eile. Chomh maith leis sin, caitheadh airgead ar uasghrádú innealtóireachta dóiteáin ar chlinicí agus ionaid.

## Reachtaíocht um Íocaíocht Phras

Cloíonn an Bord le ceanglais na Reachtaíochta um Íocaíocht Phras, ach amháin nuair a luaitear a mhalairt thíos. Is é an gnáthchreidmheas a bhíonn glactha ag an mBord, ach amháin má luaitear a mhalairt i socruithe conartha ar leith, ná 30 lá tar éis don sonrasc a bheith faighte, nó tar éis do dheimhniú a bheith faighte go bhfuarthas na hearraí nó na seirbhísí ar gá íoc astu. Is é polasaí an Bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2013, faoi théarmaí na reachtaíochta is infheidhme, bhí sonraisc ar luach €1,054,567 déanach ar feadh 17.96 lá ar an meán. Ba ionann na sonraisc seo agus 1.47% de líon agus 2.75% de luach na n-íocaíochtaí go léir a rinneadh le soláthraithe earraí agus seirbhísí i rith na bliana. Ba ionann an t-ús iomlán a íocadh maidir leis na híocaíochtaí déanacha go léir agus €3,781.71. Déanann an Bord athbhreithniú leanúnach ar a nósanna imeachta riaracháin ar mhaithe le cabhrú leis an am a chaitear ar fhiosrú agus réiteach sonrasc a íoslaghdú.

# Sonraí teagmhála

## Iniúchóirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Státchiste
Clós Íochtair an Chaisleáin
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

## Dlíodóirí

Arthur Cox
Ionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

## Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

## Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An tIonad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8
t: 01/4322800
f: 01/4322930
r:contactus@ibts.ie
www.giveblood.ie, Líne Eolais do Dheontóirí ag 1850731137

**Ionad Chorcaí**
Ospidéal Naomh Fionnbharra
Bóthar Dhúghlais
Corcaigh
t: 021/4807400
f: 021/4313014

**Clinic Deonaithe Fola Bhaile Átha Cliath**
2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01/4745000

**Clinic Deonaithe Fola Stigh Lorgan**
6 Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath
Stigh Lorgan, Co. Bhaile Átha Cliath
t: 1850 808 808

**Ionad Bhaile Átha Fhirdhia**
Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú
t: 041/6859994
f: 041/ 6859996

**Ionad Cheatharlach**
Eastát Tionsclaíoch Bhaile Mhic Thiarnáin
Bóthar Bhaile Haicéid
Ceatharlach
t: 059/9132125
f: 059/9132163


100
give platelets

Irish Blood
Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An tIonad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8.

Teil: 00 353 1 4322800
Facs: 00 353 1 4322930
Ríomhphost: info@ibts.ie

www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie
www.giveblood.ie
Líne Eolais do Dheontóirí ag 1850 731 137

designed by catalysto°